

The logo for TG4, featuring the letters 'TG' in a bold, blue, sans-serif font, followed by a vertical bar and the number '4' in the same style, all set against a white background.

TG4

A photograph of a person with their arms raised in a celebratory gesture, set against a blue sky with some bare tree branches visible in the background.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

A light blue circle with a white border, containing the year '2009' in a white, serif font. A dashed white line connects the top of the circle to the text box above it.

2009

<i>Misean, Fís agus Croíluachanna</i>	3
<i>Gealltanais TG4 do 2009</i>	5
<i>Feidhmíocht TG4 i 2009</i>	9
<i>Bord Theilifís na Gaeilge agus Eolas Eile</i>	13
<i>Tuarascáil an Chathaoirligh</i>	16
<i>Tuarascáil an Ardstiúrthóra</i>	20
<i>Rialachas Corparáideach</i>	29
<i>Athbhreithniú Airgeadais 2009</i>	30
<i>Ráiteas Airgeadais</i>	34



PONE



**MISEAN,
FÍS &
CROÍLUACHANNA**



PONC

Is é misean TG4 seirbhís tharraingteach nuálach teilifíse Ghaeilge a sholáthar, a cheiliúránn cruthaitheacht agus féiniúlacht na teanga, an chultúir, an cheoil agus an spóirt Éireannaigh le hábhar a chuirtear i láthair ar bhealach a mheallfaidh an lucht féachana sa tír seo agus thar sáile.

Is í fís TG4 “Teanga agus Cultúr na Gaeilge a chur chun cinn go rathúil trí leas a bhaint as ábhar teilifíse agus Gréasáin chun go mbeadh spás lárnach ag an nGaeilge i saol gach Éireannaigh, sa tír seo agus thar sáile.”

Cé go leagtar síos san fhís agus sa mhisean sin na spriocanna atá ag an eagrais agus na straitéisí a úsáidfear ar mhaithe lena chuspóirí seirbhíse poiblí a sheachadadh, imreoidh na luachanna atá aige tionchar ar an mbealach ina mbainfear na nithe seo amach, ar an gcomhpháirtíocht lena phríomhgheallsealbhóirí agus tugann léargas ar na prionsabail atá mar bhuntréithe san eagrais. Táthar ag súil freisin go gcaitheann gach fostaí de chuid TG4 a saol de réir na luachanna sin ó lá go lá agus go mbaineann siad leas astu lena dtreorú agus lena gcur ar an eolas maidir lena n-iompar ag an obair.

Croiluachanna TG4

Ceangal:

- Nasc laethúil leis an nGaeilge le gach teaghlach sa tír.
- An lucht féachana a bheith i gcroílár gach a ndéanaimid.
- Malairt léargais a sholáthar ar imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Fiúntas agus Luach ar Airgead:

- Clársceideal ardchaighdeáin a chur ar fáil.
- Struchtúr tíosach, éifeachtach a oibriú.

Cruthaitheacht:

- A bheith cruthaitheach san aschur agus i ngach uile ní eile.
- Leanacht le soláthar clár iontach, nuálach.

Réamhghníomhach:

- Tógáil ar an dearcadh dearfach, comhpháirteach foirne atá bunaithe agus buanaithe san fhoireann agus san eagrais ar fad ón tús.



**GEALLTANAIS
TG4 DO 2009**

Seacht

Leagadh príomhthosaíochtaí TG4 do 2009 amach ina “Ráiteas Gealltanais” mar seo leanas:

- Sceideal cláir láidir a chraoladh chun sciar lucht féachana a chothabháil agus a mhéadú nuair is féidir i margadh ard-iomaíoch.
- Leanúint le cláir ard-chaighdeáin, nuálacha a sheachadadh i gcomhar leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách, in ainneoin na haeráide eacnamaíoch dúshlánaí atá ag éirí níos dúshlánaí fós.
- Leanúint lenár réimse freagrachta maidir le cur chun cinn agus forbairt na Gaeilge agus an chultúir a sheachadadh go rathúil.
- Maoiniú dóthanach a dhaingniú i dteannta lena n-ioncam tráchtála a mhéadú agus tacaíocht airgeadais bhreise ó scéimeanna maoinithe clár seachtracha.
- Aistriú réidh chuig DTT a chinntiú chomh maith le rochtain il-ardán a mhéadú ó thuaidh agus ó dheas araon.
- Forbairt leanúnach ár seirbhísí a stiúradh ar theilifís, ar líne agus ar ardáin eile mar is cuí.
- A chinntiú go bhfuil ár n-oibríochtaí éifeachtach, éifeachtúil agus comhlíontach agus go léiríonn siad luach ar airgead.



SEACHT

Leagtar amach spriocanna corparáideacha TG4 do 2009 ina “Ráiteas Gealltanais”. In iomlán, leagadh amach 28 gealltanais corparáideach.

Cláir

1. Déanfaidh TG4 coimisiúnú agus craoladh ar raon leathan ábhar Ghaeilge nualách, ardchaighdeán nua feadh gach seánra clár agus cinnteor dearcadh “*súil eile*” éagsúil.
2. Gluaiseacht tuilleadh i dtreo croí-sceideal 35 seachtain in 2009 agus líon an ábhair Ghaeilge a mhéadú ó 4.4 go dtí 4.6 uair an chloig in aghaidh an lae.
3. Costas in aghaidh na huaire atá ann faoi láthair a chothabháil agus luach ar airgead a chinntiú.
4. €2.5 milliún ón BCI agus £2 milliún ón ILBF a dhaingniú in 2009.
5. Tacaíocht airgeadais bhreise do thionscadail chláir a mhéadú ó fhoinsí seachtracha lena n-áirítear ár ndícheall a dhéanamh €500k a dhaingniú ó Bhord Scannán na hÉireann do dhá tionscadal TG4.
6. Oibriú leis an CCG chun tacú le hearnáil léiriúcháin inmharthana a chruthú i dTuaisceart Éireann trí dhíriú ar líon beag cuideachtaí do chomhfhorbairt tionscadail in 2009.
7. Sciar lucht féachana náisiúnta de 2.7% a bhaint amach agus feabhas a chur ar sciartha TG4 más féidir, in earnálacha déimeagrafacha spriocdhírithe, lena n-áirítear leanaí, daoine óga agus daoine fásta.

Gaeilge agus Cultúr

8. TG4 a bhunú mar imreoir lárnach sa Phlean 20 bliain nua don Ghaeilge de chuid an Rialtais.
9. 70% ar a laghad den mhaoiniú reatha Státhiste a chaitheamh ar ábhar Ghaeilge.
10. Sciar de chaiteachas cláir Ghaeilge a thiomnú d’ábhar coimisiúnaithe ó chuideachtaí atá lonnaithe sa Ghaeltacht.
11. Leanúint de bheith ag seachadadh na scéime forbartha teilifíse i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta a thugann tacaíocht dhíreach do 10 gcomhlacht léiriúcháin atá lonnaithe sa Ghaeltacht in 2009, chomh maith le dhá thionscnamh forbartha léiriúcháin nua a chur i bhfeidhm chun bua na cruthaitheachta laistigh den earnáil a chur chun cinn.

Rialachas

12. A bheith rannpháirteach i gcomhráite leanúnacha le príomhghéallsealbhóirí tionscail, rialtóirí, craoltóirí dréachtóirí polasaí agus le príomhchomhlachtaí eile ar gach gné d’oibríochtaí, cóid agus rialacháin an chraolacháin.
13. Oibriú go dlúth le Bord TG4 le go gcomhlíonfar gach cód agus rialacháin iomchuí ceangailteach faoin a bhfeidhímid.
14. Dhá Iniúchadh Inmheánach agus athbhreithnithe Bhainistiú Riosca agus Sláinte & Sábháilteachta maidir le TG4 a sheachadadh.

Teicneolaíocht

15. Láithreán gréasáin TG4 a fhorbairt tuilleadh chun 450 cuairteoir ar leith agus 5.5m imprisean leathanaigh a bhaint amach agus an méid a chuireann TG4 BEO ar fáil a fheabhsú tuilleadh chun 1.7m sruth cláir a bhaint amach in 2009.
16. Leanúint de bheith ag cur comhartha craolacháin TG4 ar fáil ar bhonn uileoileánda, ag forbairt sciar lucht féachana inmharthana agus ag fiosrú bealaí féideartha chun é a thomhas agus tríd fáil TG4 ar fud gach ardán craolacháin in Éirinn.
17. Leanúint de bheith ag obair le RTÉNL chun dáileadh TG4 ar an líonra DTT a éascú agus oibriú le OFCOM sa Ríocht Aontaithe lena chinntiú go bhfuil TG4 ar an MUX 2 sula dtarlóidh an casadh as analóige in 2012.
18. Straitéisí cláir agus seirbhíse TG4 a fhorbairt chun tacú leis an aistriú chuig DTT.
19. Córais agus próisis rithábachtacha TG4 a fheabhsú trí fheidhmiú an chórais nua Bainistíochta Acmhainní Digiteacha a chur i gcrích agus trí fhorbairt leanúnach na gcórais Airgeadais, AC agus na bpríomhchórais craolacháin.
20. Ábhar a chur ar fáil do chainéal Diaspora na hÉireann i gcomhar le RTÉ agus TG4 a chur chun cinn tríd an gchainéal seo.

Airgeadas agus an Gilleagar

21. Tógáil ar an méid a cuireadh leis an ngeilleagar náisiúnta trí €58m ar a laghad a chur le tuillimh náisiúnta sa bhreis ar thionchar fostaíochta gaolmhar de thart ar 1400 post.

22. Féachaint le méadú ar mhaoiniú ón Státchiste a bhaint amach de €6.9m do 2010 de réir an Phlean Maoinithe agus cás a dhéanamh chuig an Rialtas do mhaoiniú ilbhliantúil TG4.
23. Díolacháin ama craolta agus ioncam urraíochta de €2.7m a ghiniúint ar sciar lucht féachana de 2.7% agus an deis atá ann ioncam breise a fháil as foinsí eile ar nós láithreán gréasáin TG4 agus as sásraí dáileadh ábhar nua a mheas.
24. Iarracht a dhéanamh laghduithe sna forchostais a bhaint amach nuair is féidir ar fud gach Roinn TG4 in 2009.

Acmhainní Daonna / Forbairt Foirne

25. Leanúint le cothú cultúir ina mbíonn feabhas leanúnach laistigh de TG4 tríd infheistíocht a dhéanamh i dtallann agus i mbainistiú agus forbairt AC.
26. Éifeachtúlacht cleachtas oibre TG4 a fheabhsú tuilleadh i gcomhar le córais feidhmithe nua.

Brandáil agus Margaíocht

27. Plean Margaíochta & Brandála a fhorbairt chun ceithre fheachtas ar ardchaighdeán agus ar ardtionchair a sheachadadh ar fud raidió, teilifís agus priontáil chun an lucht féachana atá ann cheana a choinneáil agus chun lucht féachana nua a mhealladh chuig TG4.
28. Branda TG4 a threisiú trí fheachtais bhrandála TG4 agus tríd trí Aitheantais nua a sheachadadh in 2009. Tús a chur le forbairt ar chur chun cinn an bhranda d'Aitheantais 2010/2011.



SEACHT

Gradam Ceoil **TG4**

FEIDHMÍOCHT }
TG4 | 2009 }

D'éirigh go maith le TG4 a chuid tiomantas a chomhlíonadh i 2009 in ainneoin thimpeallacht airgeadais an-dhúshlánach agus ó thaobh an ghá a bhí ann laghdaithe maidir le costais agus caiteachais shuntasacha a chur i bhfeidhm feadh a chuid oibríochtaí i rith na bliana:


Ar an iomlán, bhain TG4 24 dá chuid 28 tiomantas chorparáideacha amach “go hiomlán.” Baineadh ceithre thiomantas amach “go substaintiúil”. Bhraith siad seo go mór ar leibhéil mhaoinithe agus mar gheall ar an laghdú suntasach ar mhaoiniú reatha an Státchiste do TG4 i rith na bliana, b'éigean do TG4 sraith laghdaithe caiteachais feadh gach réimse dá chuid oibríochtaí a chur i bhfeidhm agus bhí tionchar aige sin ar sheachadadh iomlán ceithre sprioc chorparáideacha don bhliain 2009.

- Is ábhar Gaeilge príomhról TG4 agus i rith 2009, chraol sé leibhéil láidre de chlár nua Ghaeilge tarraingteacha agus iad ar ardchaighdeán agus mheall leibhéil seasta lucht féachana chuig an gcainéal agus thuill go leor gradam.
- I rith 2009, chraol TG4 raon leathan de chlár Ghaeilge ar ardchaighdeán a léirigh éagsúlacht chultúir oileán na hÉireann ar fad agus rinne dianiarracht siamsaíocht, eolas agus oiliúint a chur ar fáil. Craoladh beagnach 4.58 uaire de chlár Ghaeilge bhunaidh / nua in aghaidh an lae, sin ionann go hiomlán agus 1672 uaire a soláthraíodh chuig an sceideal i rith na bliana. In ainneoin an laghdaithe ar mhaoiniú reatha TG4, sin ardú de 3.53% ar 2008 mar gheall ar an ardú suntasach ar mhaoiniú Fuaim & Fís agus Chiste Craolacháin Gaeilge (ILBF) a fuarthas do chlár choimisiúnaithe TG4 i rith 2009.
- Maidir le sceideal na gclár do dhaoine fásta, forbraíodh agus craoladh go leor clár nua i rith na bliana. Mar shampla, *“Feirm Factor”*, *“An GAA @ 125”* agus buaicphointe sceidil an Fhómhair, *“Rásaí na Gaillimhe”*, sraith ghrinn drámaíochta ina raibh seacht gclár agus bhí an-tóir ar an gcéad chlár ar fhéach 123,000 duine air.
- Rinneadh feabhsuithe teicniúla breise ar sheirbhís ardchaighdeán Nuacht TG4.
- Lean TG4 ar aghaidh ag seachadadh seirbhís láidir do leanaí agus do dhéagóirí agus chraol os cionn ocht n-uaire de chlár leanaí agus déagóirí gach lá. I rith na bliana, d'fhorbair TG4 *“Ponc”*, zón laethúil clár dhá uair an chloig do dhéagóirí (meascán de shraith cháiliúil agus naisc stiúideo agus léiríonn na comharthaí go luath in 2010 go bhfuil an sprioc lucht féachana dúbailte ó seoladh é).
- Lean TG4 ar aghaidh ag seachadadh sceidil tacaíochta láidir a d'fheabhsaigh an sceideal clár tríd is tríd agus ar an iomlán, léirigh an lucht féachana láidir agus an sciar atá ann den lucht féachana, an t-éileamh atá ar ábhar Gaeilge atá siamsúil agus éagsúil.
- Bhain TG4 sciar iomlán féachana de 2.6% amach i 2009 – ardú 4% ar an sciar náisiúnta de 2.5% i 2008. Is feidhmíocht láidir í sin i gcomhthéacs margaidh craolacháin atá ag éirí níos iomaíche agus níos tábhachtaí fós, in ainneoin gur thit sciartha féachana náisiúnta na bpríomhchainéal ar mhargaí na hÉireann. Go deimhin, bhí an fás is mó in aghaidh na bliana maidir le cainéil teilifíse ag TG4 i 2009. D'éirigh go han-mhaith le TG4 ó thaobh arduithe a bhaint amach sna sciartha i roinnt earnálacha déimeagrafacha i rith 2009. Mar shampla, d'ardaigh an sciar féachana do Dhaoine Fásta 15+ 4% go 2.7% i 2009, d'ardaigh an sciar féachana do Dhaoine Fásta 25-54 de 17.4% go 2.7% agus d'ardaigh an sciar féachana d'Fhir 15+ de bheagnach 7% go 3.3%. Léiríonn na figiúirí seo fás láidir de bharr fhorbairt agus sheachadadh straitéis clár láidir.
- Chaith TG4 formhór dá chuid mhaoiniú reatha Státchiste – 70% - ar ábhar Gaeilge a léiriú sa bhreis ar 16% ar chraolachán ábhar Gaeilge. Caitheadh an chuid eile den mhaoiniú reatha (14%) ar forchostais lena n-áirítear an phoiblíocht agus an mhargaíocht ar fad – lena n-áirítear poiblíocht agus margaíocht an chainéil agus a chuid clár.
- I 2009, choimisiúnaigh TG4 luach beagnach €18m ón earnáil léiriúcháin neamhspleách agus chomh maith leis sin thug faoi roinnt tionscnamh chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt a chuid tallainne cruthaithí agus tionscadal clár. Cé gur léirigh luach 2009 titim bheag ar luach 2008 (níos lú ná 3%), bhí an méid shuntasach seo i gcomhthéacs thimpeallacht eacnamaíochta agus maoinithe fíorchrua ina ndearna TG4 a dhícheall laghdaithe sa chaiteachas clár a sheachaint i ndiaidh na laghdaithe suntasacha a rinneadh ar mhaoiniú ón Státchiste i rith 2009. Bhí sé seo thar a bheith tábhachtach do TG4 mar gheall go bhfuil caiteachas clár rithábhachtach ó thaobh a dhá sprioc straitéiseacha a bhaint amach, go háirithe, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar sceideal na gclár agus tacaíocht a thabhairt don earnáil léiriúcháin neamhspleách Gaeilge.
- Ina theannta sin, sa bhreis ar na 83 duine atá fostaithe sa stáisiún, meastar go gcothaíonn TG4 beagnach 300 post go díreach san earnáil léiriúcháin chomh maith le tionchar níos leithne ar an eacnamaíocht náisiúnta trí €63.9m a ranníoc le hioncaim náisiúnta agus le tionchar gaolmhar de thart ar 730 post i 2009 amháin – iomlán de níos mó ná 1114.

- Ba é an príomhspríoc a bhí ag TG4 do 2009 ná a mhaoiniú ón Státchiste a ardú don bhliain 2010. Ar ndóigh bhí impleachtaí suntasacha ag an meath agus ag an laghdú in airgeadas an Rialtais air sin agus i rith 2009, tháinig laghdú de €2.8m ar mhaoiniú reatha Státchiste TG4 i ndara Buiséad an Rialtais 2009 inar laghdaíodh an maoiniú do 2010 de bheagnach 8% ó €35m in 2009 go dtí €32.25m.
 - Cé go raibh TG4 ag feidhmiú chomh héifeachtach, chomh cos éifeachtach agus chomh stuama agus ab fhéidir, i rith 2009, rinne TG4 coigilt i ngach réimse oibríochta agus ag an am céanna rinne iarracht gan dochar a dhéanamh do chaighdeán na n-aschur clár. Chun aghaidh a thabhairt ar an laghdú ollmhór ina chuid maoinithe agus ina chuid ioncaim tráchtála i rith 2009, chuaigh TG4 chuig a sholáthróirí agus a chonraitheoirí agus chuaigh i gcomhchomhairle go himmheánach, ag lorg comhoibriú agus coigiltis agus rinneadh coigilt de bhreis is €3m ar fud gach réimse costais. Tá sé tábhachtach a mheabhú gur chomhaontaigh Bord agus foireann TG4 d'aonghuth glacadh le laghdú i dtáilli/bpá de suas le 10% i rith na bliana mar chuid de laghduithe costais an chainéil. Tríd is tríd is é cur chuige TG4 ná leanúint a bheith costéifeachtach ó thaobh na gclár coimisiúnaithe agus léiriúcháin inti agus smacht a choinneáil ar na forchostais chun struchtúr éifeachtach agus costéifeachtach a chothabháil.
 - Lean TG4 ar aghaidh ag baint amach arduithe móra san úsáid a bhaintear as a Theilifís Gréasáin agus d'éirigh leis an tseirbhís 155,000 sruth a fháil ar an meán gach mí i 2009. Bhí 3.75m imprisean leathanaigh, 32m cuairt agus beagnach 1m cuairteoir ar láithreán gréasáin TG4.
 - Chuir TG4 raon leathan d'fhorbairtí seirbhíse chun cinn i rith 2009 lena n-áirítear: feabhsuithe ar an láithreán gréasáin, DAMS, DTT agus forbairtí Teilifís Ardghléine, seirbhísí teilifíse do leanaí srl. D'fhreastail freisin ar riachtanais oiliúna na foirne, d'aithin agus d'fheidhmigh athruithe suntasacha i dteicneolaíocht nua, chuir Conradh nua Theilifís Ghréasáin i bhfeidhm trína mbeidh sé in ann sruthanna clár a chur ar fáil le trí luas nó rátaí beart, go háirithe 450, 800 agus 1200 KB in aghaidh an tsoicind. Is forbairt mhór atá ansin agus cuirfidh sé TG4 chun cinn ar na caighdeáin tionscail agus cuirfidh ar a chumas ábhar a chur ar fáil chun freastal ar chaighdeáin mhargaí na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus Stát Aontaithe Mheiriceá. Bhí feidhmiú leanúnach an chórais Bainistíochta Acmhainní Digiteacha (DAM) TG4 ina thionscnamh ollmhór i 2009. Tá TG4 ag bogadh ar aghaidh chuig timpeallacht oibríochta gan téip trí chóras DAM agus is é an tionscadal seo an tionscadal is mó ar tugadh faoi go himmheánach ón tionscadal innealtóireachta theicniúil a bhí ann ag an tús chun TG4 a bhunú i lár na 90aí.
- Críochnaíodh dearadh agus sonraíocht bhonneagar DAManna go luath in 2009 agus tá an dáta "Go-Live" socraithe do mhí Iúil 2010.
- Bhain TG4 41 gradam amach i 2009 dá chuid clár, pearsantachtaí agus margaíocht/brandáil. Áirítear orthu sin mórghradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta ar nós Ghradaim Bhliantúla Scannáin agus Teilifíse na hÉireann, (IFTAs), Gradaim ó Fhéile na Meán Ceilteach, Sharks, CIAKs, Worldfest Houston Awards agus ainmniúchán Emmy. Léiríonn na gradaim sin cumas leanúnach TG4 maidir le hábhar a bhfuil dearcadh súil eile éagsúil ag baint leis a choimisiúnú agus a chraoladh agus a bhíonn in ann dul i bhfeidhm ní hamháin ar an bpríomhlucht féachana baile ach ar na caighdeáin idirnáisiúnta iomaíochta is airde freisin. Mar léiriú ar ghníomhaíochtaí margaíochta nuálaíocha, i 2009, bhuaigh TG4 go leor gradam Margaíochta, Brandála agus Promóisin freisin lena n-áirítear Sharks agus bhuaigh sé a chéad Gold European Promax Award. Bhí ríméad ar TG4 go bhfuair Seán Mac a tSithigh an gradam Óg Iriseoir Teilifíse na hEorpa i rith na bliana.
 - Tá an t-aistriú chuig Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT) fós an-tábhachtach. De réir mar a leanann Éire, áfach, ag díriú ar chasadh as analóg a bhaint amach roimh 2012, tá imní ar TG4 go bhfuil an tír tite bliain amháin taobh thiar maidir leis an bplean bhunaidh leathadh amach DTT agus nach bhfuil aon leagan amach soiléir ann do leathadh amach an MUX 1 agus do na MUXES tráchtála. Ó tharla go bhfuil treá cábla digiteach agus satailíte ag leanúint ar aghaidh go tapa, tá se rithábhachtach go gcuirfí feidhmiú an DTT chun cinn chomh tapa agus is féidir agus go mbainfí treá de 98% amach roimh 2012.
 - Dréachtaíodh "Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010-2030" don Rialtas in 2009. Chuaigh TG4 i gcomhchomhairle le grúpaí oibre agus painéil saineolaithe an Rialtais a ceapadh chun tacú le déanamh na Straitéise agus i rith 2009, lean TG4 ar aghaidh ag tabhairt moltaí do na hAí, d'oifigigh phoiblí ardleibhéil, do ghníomhaireachtaí stáit agus do ghrúpaí Gaeilge, faoin tábhacht ar leith a bhaineann leis na meáin, le hábhar a chruthú sa bhaile agus le teicneolaíochtaí nua do líonrú sóisialta chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na Gaeilge. Mar chraoltóir seirbhíse poiblí náisiúnta Gaeilge, is é aidhm TG4 ná a bheith lárnach i gcur i bhfeidhm Straitéis an Rialtais agus cé go n-aithníonn sé gur tréimhse dhúshlánach atá ann faoi láthair agus go mbeidh an maoiniú a theastaíonn chun seachadadh a dhéanamh gann, mar chraoltóir seirbhíse poiblí náisiúnta na Gaeilge, is é aidhm TG4 ná páirt iomlán a ghlacadh i gcur i bhfeidhm na Straitéise. Tá sé sin rithábhachtach chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus le go mbeidh rochtain ag gach aois ghrúpa in Éirinn agus thar lear araon ar theanga agus ar chultúr na Gaeilge.

- Ó thaobh Rialachas & Comhlíonadh, chuaigh TG4 i mbun comhráite rialta leis na comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus rialaitheoirí ar fad a mbíonn air tuairisc a thabhairt dóibh, agus chomhlíon TG4 go hiomlán gach rialachán agus cód srl. a bhfuil air cloí leo. Rinne TG4 trí iniúchadh inmheánach ar Theicneolaíocht Faisnéise, ar Phearsanra agus ar Shócmhainní Seasta agus rinne an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste iniúchadh seachtrach ar TG4. Chomh maith leis sin, rinneadh athbhreithniú riosca agus bainistiú riosca iomlán ar an eagraíocht i ndeireadh 2009 agus dheimhnigh an t-athbhreithniú go bhfuil infheictheacht bhainistithe ag na rioscaí ar fad atá amach roimh TG4 agus go ndéantar iad a bhainistiú trí phróisis shainmhínithe.

Ba bhliain i 2009 nár facthas a leithéid cheana ó taobh an gheilleagair, leis an moilliú eacnamaíochta domhanda agus an ghéarchéim airgeadais a tháinig bhí an bhliain ar cheann de na blianta ba chrua a bhí ag gnólachtaí na hÉireann le fada an lá. Bhraith TG4 an tionchar agus i rith na bliana, chaill sé níos mó ná €5m den mhaoiniú Stáchtiste chomh maith le níos mó ná aon trian dá ioncam tráchtála. San fhadtéarma, ní bheidh laghdú maoinithe inbhuanaithe. Beidh laghdú ar an gcaiteachas maidir le cláir a choimisiúnú san earnáil neamhspleách agus beidh níos lú uaire de chláir Ghaeilge bhunaidh/nua mar thoradh ar mhaoiniú laghdaithe. Tá an cumas chun sceideal clár ar ardchaighdeán a chothabháil riachtanach d'fhorbairt iomaíoch TG4 mar chainéal náisiúnta – ní hamháin chun tionchar a bheith aige ar an lucht féachana (agus dá bhrí sin a chumas ioncam tráchtála a chruthú) ach chun tionchar níos leithne a bheith aige ar phróifíl TG4 mar chainéal náisiúnta agus ar chur chun cinn na Gaeilge. Tá sé riachtanach mar sin go ndéanfaí buiséad TG4 a ardú. Bhí ról lárnach ag TG4 i bhforbairt na hearnála léiriúcháin neamhspleáiche chomh maith. Beidh tionchar diúltach suntasach ag maoiniú reatha neamhdhóthanach ar an earnáil sin in 2011 agus sna blianta ina dhiaidh sin. Is é an tionchar a bheidh ag tuilleadh laghduithe ar an mbuiséad ná go ngearrfar siar ar líon na léiriúcháin agus ní hamháin go mbeidh tionchar aige sin ar leibhéal an ábhair bhunaidh Ghaeilge a chraolfar ar TG4, ach caillfear poist san earnáil léiriúcháin neamhspleách chomh maith agus beidh tionchar aige sin ina dhiaidh sin ar fhostaíocht réigiúnach.



GRADAM CEOIL TG4



**BORD THEILIFÍS
NA GAEILGE
& EOLAS EILE**



**Rásaí
na
Gaillimhe**

1. Bord Theilifís na Gaeilge agus Eolas Eile

Bunaíodh Bord Theilifís na Gaeilge in Aibreán 2007 faoi fhoráil an Achta Craolacháin, 2001. Is é an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha a cheap comhaltaí an Bhoird.

Faoi fhorálacha an Achta Craolacháin, 2009 rinneadh comhalta boird ex-officio den Ard-Stiúrthóir, Pól Ó Gallchóir sa bhliain 2009.

Bhí 8 gcrúinniú ag an mBord le linn na 12 mí go dtí 31 Nollaig 2009.

2. Comhaltaí an Bhoird agus an tArdstiúrthóir ar 31 Nollaig 2009



Peadar Ó Cuinn
(Cathaoirleach)



Seosamh
Ó Conghaile



Eilís
Ní Chonnaola



Pádraic
Mac Donncha



Bríd
Ní Neachtain



Fergal
Ó Sé



Regina
Uí Chollatáin



Méabh
Mhic Gairbheith



Méadhbh Nic
an Airchinnigh



Pól Ó Gallchóir
(Ardstiúrthóir)

Rúnaí agus Oifig Chláraithe na Cuideachta

*Mary Uí Chadhain
TG4
Baile na hAbhann
Co. na Gaillimhe*

Rúnaí an Bhoird

Pádhraic Ó Ciardha

Fochoistí an Bhoird

Tá dhá fhochoiste de chuid an Bhoird ann mar seo a leanas:

3. An Coiste Iniúcháireachta

Fónaíonn triúr de chomhaltaí an Bhoird ar an gCoiste Iniúcháireachta --

Regina Uí Chollatáin
Pádraic Mac Donncha
Fergal Ó Sé

Le linn na 12 mí go 31 Nollaig 2009 bhí ceithre chruinniú aige agus thug siad tuairisc don Bhord ina ndiaidh.

Tuairiscíonn an fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaigh díreach chuig an gCoiste Iniúcháireachta.

4. Coiste Luach Saothair

Is iad comhaltaí an Choiste Luach Saothair:

Peadar Ó Cuinn (Cathaoirleach)
Eilís Ní Chonnaola
Méabh Mhic Gairbheith
Bríd Ní Neachtain

Tagann an Coiste le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad. Le linn na 12 mí go dtí 31 Nollaig 2009 bhí cruinniú amháin aige.

5. Iniúcháir

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Treasury Block
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

6. Aturnae

Landwell Solicitors
One Spencer Dock
North Wall Quay
Baile Átha Cliath 1

7. Príomhbhaincéirí

AIB
Caisleán an Loingsigh
Gaillimh



**TUARASCÁIL AN
CHATHAOIRLIGH }**

**Volvo
Ocean
Race**

Ba bhliain í 2009 nár fachtas a leithéid cheana ó thaobh an gheilleagair, tharla an moilliú eacnamaíochta domhanda agus an ghéarchéim airgeadais a chuaigh leis sin, bhí an bhliain ar cheann de na blianta ba chrua a bhí ag gnólachtaí na hÉireann le tamall fada anuas. Bhraith TG4 iad féin an tionchar chomh maith agus i rith na bliana, chuamar trí laghdú ar mhaoiniú reatha de 7.5% sa Bhuiséad forlíontach in Aibreán 2009 chomh maith le laghdú suntasach ar ár n-ioncam tráchtála. Ag glacadh san áireamh an cúlú airgeadais sin a bhí chomh mór d'éirigh go maith linn agus choinníomar caighdeán ó thaobh clár agus ó thaobh aschur ábhair i rith na bliana. Níl dabht ar bith ach gur éirigh linn sin a dhéanamh de bharr gur fhreagraíomar go pras don chúlú – ainneoin go rabhamar cheana féin ag feidhmiú go héifeachtúil ó thaobh costas de – agus gur fheidhmiomar laghduithe ar chaiteachas i ngach réimse gníomhaíochta. Agus óna thaobh sin táimid fíorbhuíoch as an gcomhoibriú agus as an tacaíocht a fuairamar ón mBord, ón bhfoireann, ó na soláthróirí agus ó na déantóirí clár maidir le costais a ghearradh.

Le linn a dhara bliain féilire in oifig, d'oibrigh an Bord go maith agus thosaigh sé an bhliain trínár bpleananna don tseirbhís a leagan amach i Ráiteas Gealltanais bliana do 2009 agus i Straitéis Chorpáraideach cúig bliana don tréimhse 2009 – 2013. Tríothu sin, thacaigh an Bord le TG4 tríd an treo straitéiseach, na tosaíochtaí agus na buiséid a shocrú lena chinntiú go bhfuil TG4 soiléir faoi na riachtanais a bhfuiltear ag súil leo uathu agus go bhfuiltear ag freastal ar na riachtanais sin.

Tháinig athrú suntasach ar shaol craoltóireachta na hÉireann in 2009: d'achtaigh an tOireachtas an Bille Craolacháin; rinneadh dul chun cinn leanúnach (cé go raibh sé níos moille ná a bhí beartaithe) i dtreo craoltóireacht dhigiteach trastíre; táthar ag glacadh níos mó agus níos mó le seirbhísí digiteacha agus satailíte, agus meastar go mbrisfear tríd an tairseach de 70% in 2010; agus foilsíodh Tríú Tuarascáil Choiste Gnóthaí Thuaisceart Éireann ar chraoltóireacht teilifíse i dTuaisceart Éireann. Tá béim á leagan ar chraoltóireacht in Éirinn mar gheall orthu sin ar fad agus níl dabht ar bith ach go bhfuil TG4 mar chuid fhíorthábhachtach den saol sin. Leanann an cainéal ag taispeáint trína lucht féachana láidir agus a méid den sciar lucht féachana, go bhfuil éileamh ar ábhar Gaeilge atá siamsúil agus éagsúil. Leanfaidh sé sin mar phríomhról TG4 ach ina theannta sin, de réir mar a leanfaidh an tírdhreach craoltóireachta ag éabhlú, déanfaidh TG4 amhlaidh. Leanfaimid ag cur leanár gcuid seirbhísí agus á bhforbairt chun freastal ar riachtanais an lucht féachana agus chun lucht féachana nua a mhealladh. Caithfidh seirbhísí TG4 a bheith sách láidir agus bríomhar lena chinntiú go ndéanaimid ceiliúradh agus dul chun cinn ar an nGaeilge agus ar an gcultúr ar shlí inrochtaine agus ar bhealach a mbeidh brí leis agus go gcruthaímid nasc laethúil leis an nGaeilge ó thaobh gach líon tí sa tír.

Tá caighdeán agus uathúlacht ár gclár fós ag croílár an chuspóra sin agus le linn 2009, bhí sceideal clár láidir ag TG4. Cé go bhfuilimid in iomaíocht dhíreach leis na céadta cainéal Béarla atá ar fáil in Éirinn, leanaimid ag cruthú arís eile, nuair a bhíonn na hacmhainní agus an cumas againn cláir Ghaeilge nua iontacha a choimisiúnú ón earnáil neamhspleách chruthaitheach chun ár sceideal a fheabhsú, go mbíonn an-tóir ar TG4, go háirithe i rith amanna féachana faoi leith mar an Nollaig, Lá Fhéile Pádraig agus an Cháisc. D'fhéach 1.1m duine ar TG4 Lá Fhéile Pádraig in 2009 agus bhaineamar amach sciar de 8.2%, agus bhíomar den chéad uair, ar an tríú cainéal ba mhó a raibh tóir air in Éirinn an lá sin. Bhí Domhnach Cásca láidir chomh maith le sciar féachana de bhreis is 5%. Thug tréimhse na Nollag 2009 an bhliain chun críche le sraith láidir rátálacha, agus bhain Lá Nollag amach 4.5% den sciar féachana. Léiríonn sé sin gan dabht go bhfuil éileamh ónár lucht féachana ar chlár ardchaighdeán agus tá sé riachtanach dúinn ár seasamh láidir i saol craoltóireachta na hÉireann a choinneáil.

Leanaimid ag freastal ar ár lucht féachana go léir ar fud na hÉireann agus thar lear, na daoine sin a roghnaíonn an Ghaeilge nó a bhfuil spéis acu i nGaeilge ar shlí eile. Ní amháin go bhfreastalaímid orthu sin a bhfuil suim acu i nGaeilge, ach freastalaímid orthu sin a bhfuil suim acu i gcultúr na hÉireann lena n-áirítear spórt agus ceol. Trínár láithreán gréasáin agus ár seirbhís de Theilifís Ghréasáin (TG4 BEO), nílimid teoranta do mhargadh na hÉireann ach seachadaímid seirbhís Ghaeilge "dhomhanda" chuig na céadta míle de lucht féachana lasmuigh d'Éirinn. D'fhéach beagnach 1.9 milliún duine ar ár seirbhís Teilifíse Gréasáin in 2009 le 3.75 milliún imprisean leathanaigh ar an láithreán gréasáin, le 32 milliún cuairt agus beagnach 1 milliún cuairteoir i rith na bliana.

Lean TG4 ag cur béime ar an tábhacht a bhaineann le daoine óga i rith na bliana. Soláthraímid seirbhís chuimsitheach ag craoladh ocht n-uair a chloig de chlár do leanaí agus do dhaoine óga in aghaidh an lae agus leanaimid ag cur béime ar nuálacht, ar rogha agus ar idirghníomhaíocht. Tá sé sin ar an réimse is iomaíche den sceideal agus tá sé riachtanach go ndíreodh TG4 air mar ní mór dúinn dearcadh dearfach i dtreo na Gaeilge a spreagadh agus lucht féachana na todhchaí a mhealladh. Seoladh **"Ponc"**, zón nua clár de chuid TG4 do dhaoine óga in 2009, agus chomh maith leis sin craoladh zón craoltóireachta leanaí TG4 ar chainéal 602 mar chuid den zón ar leith óige ar chóras cábla NTL agus ba léiriú láidir iad an dá ghníomh sin ar ár dtiomantas maidir leis an gcatagóir lucht féachana iomaíoch seo.

Léiríodh ár gcaighdeán ard in 2009 nuair a bhain TG4 amach 41 gradam as ár n-aschur cruthaitheach lena n-áirítear cláir agus brandáil/margaíocht. San áireamh den chéad uair riamh do TG4 bhí Gradam Gold Promax na hEorpa.

Is léiriú iad na gradaim sin ar chruthaitheacht na hearnála léiriúcháin neamhspleáigh lena n-oibríonn TG4 chun ár gcuid clár uathúil a léiriú. D'infheistigh TG4 os cionn €18 milliún san earnáil sin chun líon ard de chláir nuálacha ar ardchaighdeán nua a choimisiúnú a bhainfeadh gradaim amach. Ar an mbealach sin agus trí fheidhmiú scéimeanna forbartha na hearnála nua i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus eagraíochtaí eile mar Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus Filmbase, d'fhorbraíomar scileanna agus chothaíomar tallann ar fud na hearnála. Tá sé rithábhachtach, maidir le tallann chruthaitheach na hÉireann a fhorbairt agus chun tacú le fostaíocht réigiúnach go leanann TG4 ar aghaidh ag coimisiúnú ábhair clár bhunaidh ón earnáil sin agus go leanann an Bord ag tacú le polasaí TG4 ó thaobh chuid shuntasach de chláir Ghaeilge TG4 a fhoinsíú ó chuideachtaí neamhspleácha atá lonnaithe sa Ghaeltacht. Maidir le haschur infheistíochta TG4 – na cláir a dhéantar a choimisiúnú agus a chraoladh ar TG4 i dteannta scileanna na ndaoine sin a bhfuil baint acu lena léiriú – táimid dóchasach ó thaobh thodhchaí na hearnála, in ainneoin chúlú sa gheilleagar le dhá bhliain anuas.

Caithfear aitheantas a thabhairt don méid a chuir an Scéim “Fuaime & Fís” an BAI agus an Ciste Craoltóireachta Gaeilge (ILBF) le forbairt na hearnála léiriúcháin Gaeilge dúchasaí. I rith 2009, chabhraigh TG4 leis an earnáil léiriúcháin €5 milliún a chinntiú ó na cistí sin chun obair a dhéanamh ar thionscadail chláir de chuid TG4 nach ndéanfaí murach sin agus cuireann siad go mór le margadh léiriúcháin agus craoltóireachta na hÉireann.

I dtéarmaí fhorbairt trastíre digití agus seirbhíse uile-oileánda, thug TG4 faoi roinnt gníomhaíochtaí in 2009. In ainneoin na moille móire ó thaobh leathnú amach na seirbhíse trastíre digití, lean TG4 ag glacadh páirt iomlán sa bhunú agus ag obair le RTÉNL chun dáileadh TG4 sa Phoblacht a éascú. Le casadh ón analóg ag teacht sa Ríocht Aontaithe, d'oibríomar go dlúth leis na gníomhaireachtaí agus na Ranna cuí ar fad ó Thuaidh agus ó Dheas, lena chinntiú go mbeidh TG4 ar fáil go forleathan i dTuaisceart Éireann agus go ndaingneoidimid iompar trastíre digiteach ar MUX 2 (do Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí). Bhí áthas orainn le gairid gur chomhaontaigh Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe Meabhrán Tuisceana go luath in 2010 chun infhaighteacht leathan leanúnach ar TG4 a chinntiú i dTuaisceart Éireann i ndiaidh an aistrithe dhigitigh.

D'oibrigh TG4 chomh maith leis an Rialtas in 2009 ar an Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010-2030 a foilsíodh i bhfoirm dréachta i rith na bliana. Mar chraoltóir seirbhíse poiblí náisiúnta na Gaeilge, tá an Bord tiomanta do chinntiú go mbeidh TG4 mar chuid lárnach sa phlean sin agus táimid ag tnúth le bheith ag obair go dlúth leis an Rialtas ó thaobh fheidhmiú an phlean. Is mór againn an gealltanas chun tacú le TG4 (mar atá leagtha amach

sa Straitéis), mar sholáthróir seirbhíse teilifíse Gaeilge agus an t-aitheantas go bhfuil maoiniú dóthanach rithábhachtach do TG4 le gur féidir leo a ndualgas reachtúil a sheachadadh.

I rith na bliana bhí impleachtaí suntasacha ag an timpeallacht eacnamaíochta agus an laghdú ar airgeadas an Rialtais ó thaobh TG4 mar thionscnamh atá maoinithe ag an Rialtas. Ag féachaint amach romhainn, beidh an timpeallacht airgeadais ar cheann de na dúshláin is mó roimh TG4. Cé go bhfuilimid muiníneach go leanfaidh an cainéal ar aghaidh ag seachadadh sceideal clár tarraingteach agus láidir agus ag daingniú a leibhéil de sciar an lucht féachana beidh maoiniú dóthanach ón Státhchiste mar phríomhriachtanas ag TG4 amach anseo. Luaigh mé níos luaithe go gcreidim go bhfuil áit thábhachtach agus bhríomhar ag TG4 i saol craoltóireachta na hÉireann. Lena chinntiú nach n-athraíonn sé sin agus go leanann forbairt sheirbhíse TG4 ar aghaidh gan meath, ní mór dúinn na leibhéil is fearr tacaíochta airgeadais a dhaingniú amach anseo. Cinnteoidh sé sin go leanfaidh an tionchar dearfach atá againn ar an nGaeilge agus ar an gcultúr agus ar fhostaíocht san earnáil léiriúcháin neamhspleáigh agus sa gheilleagar náisiúnta níos leithne, áit a dtugaimid cabhair eacnamaíoch shuntasach.

In 2009, d'oibríomar go maith leis an BAI nuabhunaithe, a ghlac freagracht ar rólanna, cúraimí agus feidhmeanna Choimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) i rith na bliana. Gabhaimid buíochas leo as a dtacaíocht agus a n-idirghníomhaíocht leanúnach ó thaobh réimsí tábhachtacha d'oibríochtaí agus d'fhorbairt TG4.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí eile an Bhoird as a dtiomantas agus as a dtacaíocht do TG4. Tá obair mhór déanta acu lena chinntiú go mbeidh seasamh láidir ag Craoltóireacht i nGaeilge san Earnáil Phoiblí.

Ba mhaith liom Coiste Iniúcháireachta an Bhoird a lua ach go háirithe. Chas siad ar a chéile go minic in 2009 agus dhírigh siad go háirithe ar iniúchtaí agus ar luachálacha a dhéanamh ar roinnt próiseas rithábhachtach laistigh den eagraíocht. Ba iad DHKN, iniúcháirí inmheánacha TG4, a rinne an obair seo agus chlúdaigh siad Measúnú Riosca, Teicneolaíocht Faisnéise, Sócmhainní Seasta agus Pearsanra. Dheimhnigh an anailís go bhfuil cleachtais agus cosaintí ciallmhara i bhfeidhm i TG4. Tríd is tríd tá an Bord muiníneach go bhfuil TG4 ag seachadadh a ndualgas reachtúil leis an eagraíocht ag leagan béime ar trédhearcacht agus cuntasacht go háirithe i dtaobh maoiniú Státhchiste. Tá an Bord muiníneach chomh maith go leanfaidh TG4 ar aghaidh ag comhlíonadh a ndualgas ar bhealach maith agus stuama.

Nil fágtha agam le déanamh anois ach buíochas a ghabháil le roinnt daoine agus eagraíochtaí tábhachtacha eile. Ar dtús, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Eamon Ryan agus a chuid oifigeach ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha as a dtacaíocht leanúnach i rith 2009.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le RTÉ as an tacaíocht leanúnach a thug sé do TG4 i rith na bliana, go háirithe ó thaobh a bhforála reachtúla bliantúla de 365 uair an chloig d'ábhar Gaeilge.

Ba mhaith liom béim a leagan ar na cúiseanna go bhfuil ag éirí chomh maith sin le TG4 agus is iad sin an bhainistíocht agus na comhaltaí foirne tiomanta agus ceannaireacht láidir an Ardstiúrthóra, Pól Ó Gallchóir. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo agus leis-sean as a bhfís, as a ndúthracht agus as saineolas leanúnach. Glacaim buíochas leis an mBord agus le Rúnaithe na Cuideachta agus an Bhoird agus le gach duine eile a chuidíonn le rath leanúnach TG4.

Mar fhocal scoir, ba chóir an méid atá bainte amach ag TG4 ó bunaíodh é a thabhairt chun cuimhne, eadhon, trí bliana déag de theilifís Ghaeilge shuntasach, a dhéanann ceiliúradh ar fhéiniúlacht na hÉireann agus go nglactar leis mar an beart is dearfaí, is inrochtaine agus is cruthaithí atá feidhmithe ag an Rialtas chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus a dhéanamh chomh taitneamhach agus atá sí. Agus muid ag dul trí thréimhse chrua eacnamaíochta creidim nár chóir go gcaillfimis sin agus nach mór do TG4 leanúint ag díriú ar a straitéis an teanga agus cultúr na Gaeilge a chur chun cinn lena chinntiú go mbeidh áit lárnach ag an nGaeilge i saol mhuintir na hÉireann.

Peadar Ó Cuinn
Cathaoirleach

**TUARASCÁIL
AN
ARDSTIÚRTHÓRA }**

**Ros na
Rún**

Réamhrá

Chruthaigh 2009 ó thaobh TG4 gur féidir leis an gcainéal craoladh tarraingteach agus nuálach agus seirbhís ábhair a sheachadadh go maith ainneoin go leor dúshlán airgeadais agus margadh iomaíoch a raibh orainn aghaidh a thabhairt orthu i rith na bliana.

Ba bhliain an-chrua a bhí in 2009. Bhí ar gheilleagar na hÉireann, chomh maith leis an gcuid eile de gheilleagair fhorbartha an domhain, aghaidh a thabhairt ar mhacra-thimpeallacht dhúshlánach agus scríobhadh go leor i rith na bliana faoin mheath domhanda agus faoin gcúlú i ngeilleagar na hÉireann agus in airgeadas an Rialtais. Ar ndóigh bhí impleachtaí suntasacha ag an gcúlú do TG4 ó tharla go mbraithimid ar an Stát ó thaobh an chuid is mó dár gcuid maoinithe. In 2009, chaill TG4 7.5% den mhaoiniú Státhiste reatha sa Bhuiséad forlíontach in Aibreán 2009 agus gearradh 8% eile den mhaoiniú reatha do 2010 i mBuiséad na Nollag 2009. Tharla sé sin i gcomhar le laghdú suntasach ar an ioncam tráchtála de bharr an chúlú ar chaiteachas fógraíochta teilifíse ar fud mhargaí na hÉireann agus ar fud an domhain go deimhin.

Nílimid ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin seo asainn féin, áfach, agus chuireamar, chomh maith le go leor eagraíochtaí eile ar fud na n-earnálacha tionscail, muid féin in oiriúint do na himthosca nua agus rinneamar na hathruithe riachtanacha ar an gcaiteachas feadh gach réimse den ghnó. In ainneoin na timpeallachta crua, d'éirigh go han-mhaith le TG4 a chuid tiomantas a chomhlíonadh in 2009 chomh maith le caighdeán na gclár agus na n-aschur ábhair a chothabháil. Níl aon dabht ann ach gur tharla sé sin de bharr thoradh na hinfheistíochta a rinne TG4 sna blianta roimhe seo, go háirithe i réimsí ar nós ár gcur chuige maidir le coimisiúnú clár agus ceannacháin, ár n-oibríochtaí agus ár dteicneolaíocht agus ár straitéis uileghabhálach maidir le múnla oibríochta a leanúint, ceann a fheidhmíonn chomh héifeachtach agus is féidir.

Áirítear ar bhuaicphointí na bliana agus a léiríonn ár bhfeidhmíocht láidir: an fás a tháinig ar an sciar den lucht féachana náisiúnta ag TG4; seachadadh na gclár Gaeilge nua agus tarraingteach a bhrúigh leibhéil shuntasacha lucht féachana chuig an gcainéal agus a bhain amach go leor gradam; forbairtí dearfacha inár sceideal lena n-áirítear sliotán nua clár do dhaoine fásta; agus láidriú na n-oibríochtaí atá mar bhonn ag an tseirbhís de bharr infheistíocht leanúnach i gCóras Bainistíochta Acmhainní Digiteacha agus i gcórais eile, bainistíocht stuama agus rialú costas chomh maith le feabhsuithe leanúnacha ar thairgiúlacht agus úsáid sócmhainní. Chinntigh sé seo ar fad gur leanamar ar aghaidh ag seachadadh ár misin chun teanga agus cultúr na Gaeilge a chur chun cinn go rathúil trí ábhar teilifíse agus gréasáin, chun go mbeidh an Ghaeilge lárnach i saol mhuintir na hÉireann, in Éirinn agus ar fud an domhain araon.

Cláir

Tá sceideal clár seirbhíse poiblí a bheidh ar ardchaighdeán, atá tarraingteach agus éagsúil an-tábhachtach do sheirbhís TG4. Leanann sé mar bhonn taca d'fhorbairt iomaíoch TG4 mar chainéal náisiúnta agus is é an príomhfhócas straitéiseach agus an treoifhórsa againn é dár ngníomhaíochtaí ar fad nach mór.

I rith 2009, chraol TG4 raon leathan de chláir Ghaeilge ar ardchaighdeán a léirigh éagsúlacht chultúir oileán na hÉireann ar fad agus a rinne dianiarracht siamsaíocht, eolas agus oiliúint a chur ar fáil. Chraolamar beagnach 4.58 uaire de chláir Ghaeilge bhunaidh / nua in aghaidh an lae, léiriú iomlán de 1672 uaire a coimisiúnaíodh/ a fuarthas agus a craoladh i rith na bliana. Leanaimid ar aghaidh ag obair go crua i dtreo sé huaire d'ábhar Gaeilge bunaidh a sheachadadh in aghaidh an lae mar atá leagtha amach inár straitéis agus is é ár gcuspóir cur leis sin roimh 2014.

I rith 2009, fuarthas cláir nua Ghaeilge ar fud gach seánra cláir (drámaíocht, cláir fhaisnéise, siamsaíocht/ stíl mhaireachtála, ceol, spórt srl.) chomh maith lena chinntiú go mbaineann dearcadh nó nideog *"súil eile"*, mar a thuairiscíonn TG4 é, leis na cláir agus fócas uathúil agus ardchaighdeán ag baint leo.

Léiríodh neart sceideal chláir TG4 i rith 2009 go soiléir inár bhfeidhmíocht féachana. Chuir TG4 tús maith le 2009 ó bhliain a bhí thar a bheith láidir ag deireadh 2008. Léirigh figiúirí féachana an lucht féachana náisiúnta gur fhéach 3.1m (75% den daonra) ar TG4 am éigin le linn thréimhse na Nollag 2008 agus d'fhéach 1.35m ar TG4 ar Lá Nollag ann féin. Ó tharla gur bhain TG4 sciar féachana de 5.6% amach, bhí TG4 ar an 5ú cainéal is mó a raibh tóir air in Éirinn an lá sin. Ar an iomlán, bhí Nollaig láidir againn in 2008 agus ba é *"Kings"* buaicphointe an sceidil clár, an chéad ghnéscannán fada Gaeilge de chuid TG4.

Lean an pátrún láidir seo ar aghaidh in 2009 ag léiriú arís agus arís eile go mbíonn ardú suntasach ar ár sciar féachana nuair a infheistítear acmhainní breise i gcláir Ghaeilge i rith bhuaicthréimhsí féachana ar nós na Nollag, Lá Fhéile Pádraig agus an Cháisc. Léiríonn sé seo go soiléir go bhfuil éileamh ón lucht féachana ar ár gcláir agus go bhfuil sin riachtanach do TG4. Mar shampla, d'fhéach 1.1m duine ar TG4 Lá Fhéile Pádraig agus fuaireamar sciar de 8.2% agus bhíomar ar an 3ú cainéal is mó a raibh tóir air in Éirinn an lá sin. Bhí Domhnach Cásca go maith freisin le sciar féachana de bheis is 5%. Chuir tréimhse féachana na Nollag 2009 deireadh leis an mbliain do TG4 le sraith láidir scór féachana agus bhí lá Nollag an-iomaíoch ar fad, fuarthas 4.5% den sciar féachana.

Ag tús 2009, mheall go leor de na cláir Ghaeilge níos mó ná 100,000 lucht féachana go seasta, agus lean cláir ar nós *"Feirm Factor"*, *"Glór Tíre"*, *"An GAA @ 125"*, *"Scéalta ón Ríocht"*, *"Ros na Rún"*, *"Ceol ón gCroi"* agus *"Ag Bogadh go Inis Meáin"* ag tabhairt aghaidh ar an éileamh atá ann ar ábhar Gaeilge siamsúil agus tarraingteach.

Forbraíodh an clár siamsaíochta nua *"Feirm Factor"* do sceideal 2009 agus mheall sé lucht féachana láidir agus léirmheasanna maithe go seasta i rith na bliana. Ar an gcaoi chéanna, taifeadadh sraith nua, *"Garraí Glas"*, a chaitheann súil ar chur agus bhaint bianna orgánacha, ar fud na tíre i rith na gceithre shéasúr i 2009 agus cuireadh tús leis an gcráladh in Eanáir 2010.

Bhí go leor clár láidir ag TG4 i sceideal an Fhómhair ar nós *"An Jig Gig"*, *"Na hAmhráin is Ansa Liom"*, *"Stíl na Réalt"*, *"An Bóthar go dtí an Whitehouse"*, *"Cérbh É?"* agus *"Ceol na nOileán"*. Bá é *"Rásaí na Gaillimhe"* buaicphointe sceidil an Fhómhair, sraith ghrinn drámaíochta nua ina bhfuil seacht gclár bunaithe ar Rásaí na Gaillimhe agus is ann a taifeadadh an tsraith freisin agus bhí an-tóir ar an gcéad chlár ar fhéach 123,000 duine air.

Bhí roinnt clár faisnéise maith i sceideal na Nollag, lena n-áirítear *"Patrick Mc Gill"*, *"Damhsa an Diabhail"* agus *"An Cardineál Ó Fiaich"*. Thaispeánamar cuid de na scannáin Éireannacha is fearr ar nós *"Ballroom of Romance"*, *"Intermission"* agus *"The Butcher Boy"*.

Maidir leis na scannáin ar an iomlán, chuidigh an sliotán scannán a tugadh isteach d'óicheanta Sathairn le neartú sceideal TG4 agus fuaireamar rogha tarraingteach de scannáin idirnáisiúnta agus cuireadh béim ar leith in 2009 ar scannáin a bhfuil baint ar leith acu le hÉirinn, cinn mar *"Ballroom of Romance"* thuasluaite a fuair scór an-ard i sceideal na Nollag i 2009.

Bhí ról tábhachtach ag ceol na hÉireann i gcláir TG4 in 2009 chomh maith. Craoladh *"Gradam Ceoil"* le linn na Cásca (agus roghnaíodh Áras Ceoldráma Loch Garman a osclaíodh le déanaí mar an t-ionad nua do Ghraidim Cheoil TG4) agus lena linn bronnadh Gradam Ceoil 2009 TG4 ar Charlie Harris. Chomh maith leis sin, chraolamar roinnt clár speisialta ceolchoirmeacha i rith na bliana ar nós Tommy Fleming agus Sharon Shannon.

Leanadh le spórt agus ról ríthábhachtach aige i sceideal clár TG4. Chuir sé borradh suntasach faoi na sciartha den lucht féachana i rith an lae in 2009 agus beochraoladh 152 imeacht spóirt i rith na bliana. D'fhéach 250,000 duine ar chraoladh Chluichí Ceannais na hÉireann sa Chraobh Club ó Pháirc an Chrócaigh ar TG4 i 2009 agus chomh maith leis sin chuireamar clúdach cuimsitheach ar fáil de Shraitheanna Náisiúnta Peile agus Iomána Allianz agus d'fhéach suas le 200,000 duine ar na Cluichí

Ceannais ar an gcainéal. Reáchtáladh Comórtas Peile na Gaeltachta i Ros Muc, Co. na Gaillimhe den chéad uair riamh agus chraolamar an dá chluiche ceannais beo ón láthair sin. I mí na Bealtaine, chaith an Volvo Ocean Race coicís mhaith i gCuan na Gaillimhe agus chuir TG4 os cionn 40 uaire de chlúdach ar an rás ar fáil lena n-áirítear os cionn ceithre uaire de chlúdach beo ó Chuan na Gaillimhe. Lean téama an spóirt ar aghaidh i rith shamhradh 2009 agus chuireamar clúdach iomlán ar fáil ar Roland Garros, Wimbledon agus Tour de France.

I rith 2009, rinne TG4 ceiliúradh chomh maith ar 125 bliain an CLG nuair a craoladh sraith ina raibh deich gclár agus a raibh an tóir uirthi - *"GAA@125 Bliain"*. Ba í an tsraith sin an tsraith faisnéise teilifíse neamhspleách is mó a coimisiúnaíodh agus a léiríodh in Éirinn in 2008. I rith Chluichí Ceannais na gClubanna i bPáirc an Chrócaigh, bhronn TG4 cóipeanna cuimhneacháin speisialta den tsraith ar Uachtarán an CLG, Criostóir Ó Cuanaigh, ar an Ardstiúrthóir, Páraic Duffy, ar an iar-uachtarán, Nickey Brennan agus ar an gcráoltóir Micheál Ó Muircheartaigh. Bhí an searmanas comórtha ceart ar bun an 1ú Samhain 2009 agus an lá sin chraol TG4 12 uaire de chlár CLG lena n-áirítear cluiche beo ó Staid Sempie i nDurlas, an áit ar bunaíodh an CLG in 1884.

Bhí mórtas ar TG4 leanúint leis an dlúthbhaint atá aige le Cumann Peil Gael na mBan i rith 2009, mar urraitheoir agus mar chraoltóir. Craolaimid 20 cluiche beo i rith na bliana. Ba bhliain speisialta a bhí i 2009 d'fhoireann Shinsearach Chorcaí na mBan nuair a bhuaigh siad an cúigiú craobh shinsearach as a chéile, agus d'fhéach suas le 230,000 duine ar an gcluiche sin.

Rinneadh go leor forbairtí ar sceideal clár TG4 do leanaí agus do dhéagóirí in 2009 chomh maith. Is é an catagóir seo an réimse is iomaíche den sceideal agus cuireann TG4 seirbhís láidir ar fáil ag craoladh níos mó ná ocht n-uaire de chlár leanaí agus déagóirí gach lá. Tá sé riachtanach go ndíreodh TG4 ar an lucht féachana seo mar ní mór dúinn dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a spreagadh agus lucht féachana na todhchaí a mhealladh. Rinneadh dhá mhórfhorbairt in 2009 chun tacú leis an riachtanas seo. Ba í an chéad fhorbairt ná an zón laethúil nua clár dhá uair an chloig do dhéagóirí, *"Ponc"*. Bhí meascán de shraith cháiliúil agus naisc stiúideo sa zón agus léiríonn na chéad chomharthaí in 2010 go bhfuil an sprioc lucht féachana dubailte ó seoladh é agus anois tá sé san 8ú áit ar an iomlán ag am a chraolta. Ba é an dara mórfhorbairt ná craoladh "bloc" craoltóireachta leanaí TG4 ar Chábla NTL "Kids Zone" ar chainéal 602 (tosaíonn cláir na leanaí ag cainéal 601). B'éacht dáiríre é sin in ainneoin iomaíocht ghéar agus is é an aidhm a bhí againn ná cur tuilleadh le chomh maith agus atá éirithe leis sin.

I rith 2009, lean TG4 ar aghaidh ag craoladh seirbhís chuimsitheach laethúil do leanaí ó *"Cúla4 na nÓg"* do leanaí réamhscoile agus an seó cáiliúil sa tráthnóna

“Cúla4” do leanaí níos sine. Áirítear **“Lola agus Virginia”**, **“Elmo Anseo”** agus **“Dive Olly Dive”** i measc neart eile ar na príomhchláir agus bhuaigh **“Dive Olly Dive”** go leor gradam cláir, ainmniúchán Emmy ina measc.

I rith na bliana, chuir TG4 clúdach cuimsitheach ar na toghcháin Eorpacha agus Áitiúla ar fáil agus bhí an Tánaiste, Máire Ní Chochláin T.D. ina haoi speisialta ar chlár na dtorthaí.

Chun tacú lenár sceideal, lean TG4 rannpháirteach i Líonra Teilifíse Craoltóirí Dúchasacha Domhanda agus ina scéimeanna faisnéise agus malartaithe nuachta. Fuair TG4 20 uaire de chlár nua faisnéise agus “daonna” do sceideal na gclár ón Líonra – saor in aisce – agus rinneamar malartú chomh maith ar 12 clár nuachta i rith shamhradh 2009.

Tá **“Ros na Rún”**, sobalchlár Gaeilge TG4 fós lárnach inár sceideal agus tá sé á chraoladh ó bunaíodh an cainéal i 1996. Bhí ríméad orainn, nuair a thug Oireachtas na Gaeilge Gradam Aisteoir na Bliana do Joe Steve Ó Neachtain a bhfuil páirt Pheadair aige sa tsraith (Aisteoir Éireannach na Bliana) agus léiríodh rath an tsobalchláir ag deireadh na bliana nuair a craoladh an 1000ú eagrán.

Leanann TG4 ag cinntiú go bhfuil dearcadh *súil eile* éagsúil ag baint leis na cláir. Is é aidhm ár ndrámaíochta, ár gcláir faisnéise, ár siamsaíochta agus ár gceolta i measc neart eile, ná a bheith uathúil agus bealach nua a chur ar fáil chun smaoineamh ar an ábhar agus bealach nua chun siamsaíocht/eolas a chur ar fáil. I rith na bliana, bhuamar 41 gradam as caighdeán agus uathúlacht na gclár agus áiríodh ar na gradaim sin: dhá ghradam ó Fhéile na Meán Ceilteach do **“Ceolchuaire”** agus **“Seacht”**; sé ghradam Remi ón Worldfest Houston do **“Ernie O’Malley”**, **“Kennedy’s Cadets”**, **“Mobs Mheiriceá”**, **“Críostaíocht”**, **“Ceolchuaire”** agus **“Faoi Lán Cheoil”**; agus roinnt gradam do **“Dive Ollie Dive”** lena n-áirítear, mar atá luaite, ainmniúchán Emmy.

Ár Lucht Féachana

I margadh atá an-iomaíoch agus an-dúshlánach, bhain TG4 sciar lucht féachana náisiúnta de 2.6% amach, ardú 4% ar an mbliain 2008, agus is toradh an-dearfach a bhí ansin. Tá tionscal craoltóireachta na hÉireann an-iomaíoch anois de bharr go bhfuil líon ard cainéal ag feidhmiú sa mhargadh agus ba chóir féachaint ar ardú sciar náisiúnta TG4 i gcomhthéacs na titime i sciar féachana na gcainéal mór eile a bhíonn i mbun craoltóireachta in Éirinn agus i gcomhthéacs na hiomaíochta atá ardaíthe go suntasach de bharr teilifíse cábla nó satailíte. Go deimhin, bhí an t-ardú is mó in aghaidh na bliana ag TG4 in 2009 i measc na gcainéal teilifíse príomhshrutha ar fad.

D’éirigh go han-mhaith le TG4 ó thaobh arduithe a bhaint amach sna sciartha i roinnt earnálacha déimeagrafacha i rith 2009. Mar shampla, d’ardaigh an sciar féachana do Dhaoine Fásta 15+ de bheagnach 4%, d’ardaigh an sciar féachana do Dhaoine Fásta 25-54 de níos mó ná 17% agus d’ardaigh an sciar féachana d’Fhir 15+ de bheagnach 7%.

Is féidir anailís a dhéanamh ar sciar féachana náisiúnta TG4 trína sciar de líonta tí teilifíse digiteacha a chur in aghaidh líonta tí teilifíse analógacha. In 2009, bhí sciar de 1.6% ag TG4 i líonta tí digiteacha (ardú de bheagnach 7% ar sciar dhigiteach 2008). Dá bharr sin, bhí TG4 sa 9ú háit i líonta tí digiteacha go náisiúnta, suas trí áit ar 2008. D’ardaigh sciar i líonta tí analógacha ó 3.8% in 2008 go 4.3% in 2009 – an leibhéil is airde do TG4 riamh. Ó tharla go bhfuil an sciar digiteach i bhfad níos lú ná an leibhéil analógach, léiríonn sé an méid brú atá ar TG4 agus ar chainéil analógacha eile i dtimpeallacht dhigiteach. Tá an phráinn a bhaineann le chainéil Éireannacha ar nós TG4 a bhogadh chuig ardán trastíre digiteach lena chur ar a gcumas dul in iomaíocht ar bhonn níos éifeachtaí chomh láidir is a bhí sé riamh.

Léiríonn chomh maith is a d’éirigh le TG4 in 2009 go bhfuil suim go forleathan ag daoine ann fós agus go bhfuil sé in ann freastal ar gach aoisghrúpa sna pobail a bhfuil an Ghaeilge ar a dteanga roghnaithe agus/nó a bhfuil suim acu i dteanga agus i gcultúr na Gaeilge, go háirithe spórt agus ceol. Go háirithe, léiríonn na figiúirí seo fás láidir de bharr fhorbairt agus sheachadadh straitéis clár láidir.

Gradaim

Fuair TG4 41 gradam in 2009 as a chuid clár, pearsantachtaí agus margaíocht/brandáil. Áirítear orthu sin mórghradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta ar nós Gradaim Bhliantúla Scannáin agus Teilifíse na hÉireann, (IFTAs), Gradaim ó Fhéile na Meán Ceilteach, Sharks, CIAKs, Worldfest Houston Awards agus na Emmys.

I rith na bliana, mar atá luaite, bhuaigh TG4 go leor gradam as caighdeán agus as uathúlacht a ábhair chraolacháin agus léiríonn na gradaim mór le rá seo cumas leanúnach TG4 maidir le hábhar a bhfuil dearcadh súil eile éagsúil aige a choimisiúnú agus a chraoladh a bheidh in ann dul i bhfeidhm ar, ní hamháin, an príomhlucht féachana baile ach ar na caighdeáin idirnáisiúnta iomaíocha is airde freisin. Mar léiriú ar ghníomhaíochtaí margaíochta nuálaíocha, in 2009, bhuaigh TG4 go leor gradam Margaíochta, Brandála agus Promóisin freisin lena n-áirítear Sharks agus bhuaigh sé a chéad Gold European Promax Award.

An Earnáil Léiriúcháin Neamhspleách

Lean TG4 lena ról lárnach i bhforbairt earnáil léiriúcháin Ghaeilge neamhspleách, agus choimisiúnaigh cláir bhunaidh a léiríodh i nGaeilge agus fuair formhór na gclár ó chuideachtaí léiriúcháin i gceantair Ghaeltachta agus ó iarthar na tíre ach go háirithe. In 2009, choimisiúnaigh TG4 beagnach €18m ón earnáil léiriúcháin neamhspleách agus chomh maith leis sin thug faoi roinnt tionscnamh chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt a chuid tallainne cruthaithí agus tionscadal clár.

Cé gur léirigh luach 2009 titim bheag ar luach 2008 (níos lú ná 3%), bhí an méid sin suntasach mar sin féin i gcomhthéacs thimpeallacht eacnamaíochta agus mhaoinithe fíorchrua ina ndearna TG4 a dhícheall, cibé áit ina raibh sé in ann, laghdúithe sa chaiteachas clár a sheachaint i ndiaidh laghdúithe suntasacha a rinneadh ar mhaoiniú ón Státchiste i rith 2009. Bhí sé seo thar a bheith tábhachtach do TG4 mar gheall go bhfuil caiteachas clár rithábhachtach ó thaobh a dhá sprioc straitéiseacha a bhaint amach, go háirithe, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar scéideal na gclár agus tacaíocht a thabhairt don earnáil léiriúcháin Ghaeilge neamhspleách.

I rith 2009, bhrúigh TG4 feidhmiú leanúnach agus bunú scéimeanna forbartha earnála nua chun cinn i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus gníomhaireachtaí eile ar nós Filmbase. Leanamar lenár n-infheistíocht ó thaobh thacaíocht a thabhairt do dheich gcuideachta léiriúcháin a bhí rannpháirteach sa scéim fhorbartha “Oifigeach Forbartha Léiriúcháin” (OFL) i gcomhar leis an Údarás. Forbraíodh go leor léiriúchán ar phróifíl ard agus ar ardchaighdeán a bhí in ann maoiniú “Fuaime & Físe” a fháil mar thoradh ar an scéim sin. Sheolamar chomh maith scéim fhorbartha nua trí bliana, “*Síol*” i gcomhar le hÚdarás Craolacháin na hÉireann (BAI), a dhéanann iarracht scileanna scríbhneoireachta agus stiúrtha a fhorbairt. Mar thoradh air sin, forbraíodh sé script i rith na bliana, cinn a chraolfar i rith 2010.

I rith na bliana, rinne TG4 a dhícheall an earnáil léiriúcháin Ghaeilge a láidriú trína chinntiú go bhfuair an earnáil na huasleibhéil mhaoinithe comhléiriúcháin d'ábhar a choimisiúnaigh TG4, ón gciste Fuaime & Físe agus ón gCiste Craoltóireachta Gaeilge (ILBF) arna fheidhmiú ag Northern Ireland Screen. In 2009, fuair an earnáil iomlán de €5.31m i gcistí léiriúcháin BCI agus ILBF chun oibriú ar thionscadail chlár le TG4 agus chun cláir a sheachadadh nach ndéanfaí gan na cistí sin. Léirigh sé sin ardú de níos mó ná 24% ar shuim 2008.

D'oibrigh TG4 in 2009 chomh maith, tríd an ILBF chun cur leis an mbunsraith a bhí in earnáil léiriúcháin neamhspleách Thuaisceart Éireann cheana féin chun earnáil léiriúcháin Ghaeilge láidir uile-oileánda a chruthú. Dhírigh TG4 ar roinnt cuideachtaí léiriúcháin neamhspleacha i dTuaisceart Éireann a léirigh go raibh an deis is fearr acu agus d'oibrigh leis na cuideachtaí sin chun níos mó clár ar chultúr, ar dhaoine agus ar láithreacha Thuaisceart Éireann a léiriú.

Tá beagnach 300 post lánaimseartha san earnáil á gcothú go díreach ag coimisiúin TG4. Tá go leor de na poist seo lonnaithe i gceantair Ghaeltachta, ach níl siad ar fad, agus tá an fhíric sin, i gcomhar le láithreach TG4 é féin, mar chuid lárnach d'inneach eacnamaíochta agus sóisialta na gceantar Gaeltachta. Sampla iontach den obair a rinne TG4 ná a shraith-shobalchláir ceannródaíoch, “*Ros na Rún*”. Anois agus é ina 14ú bliain léiriúcháin, seasann fostaíocht dhíreach agus pearsanra atá ar chonarthaí ag beagnach 190 (le luach gaolmhar de bheagnach €3m) agus chuir an tsraith borradh suntasach faoin earnáil léiriúcháin inmharthana lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus tá polasaí script go scáileán inti aici lena chinntiú go bhféadfar na scileanna agus an saineolas léiriúcháin ar fad a fháil go háitiúil¹.

Feidhmíocht Airgeadais

Soláthraítear príomhfhoinsí maoinithe TG4 trí Dheontas i gCabhair a chuireann an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha ar fáil. Ní ar mhaithe le seachadadh a dhéanamh ar ionchais chaighdeánacha craoltóra seirbhíse poiblí agus sin amháin atá maoiniú á fháil ag an gcainéal ach le forbairt a dhéanamh ar an nGaeilge mar chuid chriticiúil de bheartas Rialtais i leith fhorbairt agus chaomhnú a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht freisin.

Tá an úsáid a bhaineann TG4 as an maoiniú poiblí teoranta do bhaint amach a chuid cuspóirí agus a chuid dualgas mar sheirbhís phoiblí. Mar sin ní mór do TG4 a chinntiú go mbíonn an maoiniú poiblí tiomanta dá chuid gníomhaíochtaí croíláir ar an mbealach is fearr agus is féidir ó thaobh costais de agus go bhfuil sé mar phríomhthosaíocht luach ar airgead a chur ar fáil.

Fuair TG4 maoiniú reatha de €38.1m ón Státchiste sa bhliain 2009 (ar ionann é agus ardú de 6.6% ar leibhéil mhaoinithe reatha 2008). Bhí laghdú de €2.8m ar mhaoiniú reatha TG4 ón Státchiste don bhliain 2008 san áireamh sa dara buiséad de chuid an Rialtais le linn 2009, a fógraíodh san Aibreán, áfach, b'ionann sin agus iarrachtaí sa Bhuiséad le tabhairt faoina deacrachtaí móra atá ag an Státchiste. Ar an gcaoi chéanna sa bhliain

¹ Léiriúchán Scannáin & Teilifíse in Éirinn: Athbhreithniú Cónaidhme Ciosamhairc, 2009

2010, rinneadh laghdú de bhreis is 8% ó €35.23m in 2009 go €32.25m ar mhaoiniú reatha TG4, rud a chiallaigh laghdú de bheagnach €6m idir an dá bhuiséad sa bhliain 2009.

Mar gheall ar an laghdú suntasach sin, agus cé go rabhthas ag feidhmiú cheana féin ar bhealach a bhí chomh héifeachtach agus chomh stuama ó thaobh costais agus ab fhéidir, bhí ar TG4 coigiltis a aithint ina chuid réimsí oibríochta ar fad (agus iarracht a dhéanamh ag an am céanna gan tionchar a bheith aige sin ar chaighdeán aschur na gclár) agus bhí dréachtú buiséid laghdaithe don bhliain 2009 leis na himthosca nua a thógáil san áireamh ina bheart a bhí sách chrua ach mar sin féin tugadh chun críche é réasúnta tapa agus cuireadh i bhfeidhm láithreach é.

Ina theannta sin tá ioncam tráchtála á thuilleadh ag TG4, go príomha i bhfoirm fógraíochta agus urraíochta. Is ionann é sin ar an meán agus thart ar 10% d'ioncam iomlán TG4 agus cruthaíodh €3m sa bhliain 2009, rud a léirigh íslíú mór (níos mó ná 35%) ar chaiteachas fógraíochta teilifíse in Éirinn agus thar lear.

Leanamar le linn 2009 lenár bhfócas ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead laistigh den eagraíocht. Cinntíonn dianrialuithe buiséid an luach is fearr ar an airgead ar fad a chaitear.

Seirbhísí Gréasáin

Ar aon dul leis na blianta roimhe sin, leanann TG4 ag tabhairt faoi theicneolaíochtaí digiteacha nua lenár dtairiscint ar ábhar tras-ardáin a fhorbairt. Lean TG4 le seirbhísí Teilifís Ghréasáin agus le seirbhísí láithreán gréasáin a fheabhsú, agus rinneadh acmhainní breise a infheistiú iontu lena ndéanamh níos taitneamhaí agus níos inrochtaine, agus chiallaigh sé sin ar fad gur tháinig fás láidir ar an úsáid atá á baint as gach aon cheann den dá sheirbhís. Déanann seirbhís Teilifís Ghréasáin ar www.tg4.tv ("TG4 BEO") seachadadh ar ábhar Gaeilge an chainéil ar fud an domhain. Baineann an tseirbhís 155,000 sruth in aghaidh na míosa ar an meán amach agus bhain an láithreán gréasáin féin 3.75m lorg leathanaigh, 32m cuairt agus beagnach 1m cuairteoir amach le linn 2009. Áirítear i measc treochtaí idirnáisiúnta cláir teilifíse a chur ar fáil saor in aisce mar sheirbhís breith suas tar éis an chraoladh tosaigh, ar feadh tréimhse teoranta. Tá TG4 ag cur clár ar fáil ar líne ón mbliain 2003 agus tá sé ina cheannaire margaidh i ndáil leis sin lena sheirbhís Teilifís Ghréasáin. Cuireann rath TG4 BEO fianaise shoiléir ar fáil maidir leis an margadh domhanda atá ann d'ábhar TG4 agus deis iontach an cumas atá ann le caidreamh idirghníomhach a bheith againn le cainteoirí Gaeilge ar fud an domhain agus leo siúd atá báil le cultúr agus le ceol na hÉireann.

Rinneadh forbairt rithábhachtach ar ár seirbhís Teilifís Ghréasáin sa bhliain 2009. Tá rochtain ar chlár teilifíse ar líne ag brath ar bheart rátaí. Faoi láthair, tá seirbhís TG4 á cur ar fáil ar 250 KB agus 400 KB ráta in aghaidh an tsoicind tráth a bhfuil an caighdeán tionscail ag 800 KB in aghaidh an tsoicind. Chuir TG4 seirbhís nua i bhfeidhm le linn 2009, rud a chuirfidh ar ár gcumas uasghrádú a dhéanamh ar sheirbhís Teilifís Ghréasáin. Ó mhí Feabhra na bliana 2010 beidh ar chumas TG4 sruth clár a thairiscint le trí luas nó trí bheart ráta, eadhon, 450, 800 agus 1200 KB in aghaidh an tsoicind. Is forbairt mhór atá i gceist ansin a chuirfidh TG4 chun tosaigh ar chaighdeán tionscail le cur ar ár gcumas ábhar a chur ar fáil le freastal ar chaighdeán mhargaí na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe.

Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010-2030

Rinneadh dréachtú ar "Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030" de chuid an Rialtais in 2009. Bhí TG4 rannpháirteach le grúpaí oibre agus le painéil saineolaithe an Rialtais a ceapadh le cuidiú leis an Straitéis a chur le chéile, agus leanadh le linn 2009 leis an tábhacht thar na bearta atá leis na meáin, le cruthú ábhar dúchasach agus le teicneolaíochtaí nua do líonrú sóisialta ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na Gaeilge, a mholadh d'Airí, d'oifigigh poiblí ardleibhéil, do ghníomhaireachtaí stáit agus do ghrúpaí Gaeilge. Ba léir gur éirigh go maith le hiarrachtaí TG4 agus bhí a raibh i Straitéis an Rialtais, a foilsíodh i mí na Samhna 2009 mar fhianaise air sin. Tá roinnt mhaith tagairtí ann don tábhacht a bhaineann leis na meáin Ghaeilge, tugadh chun suntais na meáin chraolta agus TG4 go háirithe, mar an rud ba thábhachtaí leis an gcuspóir a bhaint amach, is sin cur le líon na ndaoine a bhfuil eolas acu ar an nGaeilge agus le líon na n-úsáideoirí Gaeilge laethúla araon thar na fiche bliain atá romhainn. Ar cheann de na 13 cuspóir atá sa Straitéis 20 Bliain tá go gcinnteofar seirbhísí craolacháin trí mheán na Gaeilge atá ar ardchaighdeán, trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar TG4 go háirithe. Deimhnítear ardtosaíocht an Rialtais do TG4 sa Straitéis freisin:

"Tabharfar tuilleadh tacaíochta do TG4 le seirbhísí teilifíse trí Ghaeilge a chur ar fáil... teastaíonn a dhóthain maoinithe ó TG4 lena dhualgas reachtúil a chomhlíonadh agus a scair den mhargadh a choinneáil mar chomhlacht reachtúil neamhspleách i margadh atá ag éirí níos iomaíche seasta.. Cinntoidh forbairt leanúnach TG4 go leanfaidh an earnáil léiriúcháin neamhspleách sa Ghaeltacht le deiseanna fostaíochta éagsúla a chur ar fáil freisin."

Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI)

Le linn na bliana 2009, bhíomar rannpháirteach go hiomlán i gcainteanna leanúnacha lenár bpríomhgheallsealbhóirí, leis an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha (DCENR), agus le hÚdarás Craolacháin na hÉireann (BAI) nuabhunaithe.

Ghlac an BAI ról, dualgais agus feidhmeanna Choimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) le linn na bliana. Bhí dlúthchaidreamh dearfach ag TG4 leis an BCI i gcónaí agus bhíothas rannpháirteach leo i roinnt réimsí oibríochta, comhlíonadh, teicniúla, maoiniú agus forbairt ábhair. Lean TG4 lena ndlúthrannpháirtíocht dhearfach leis an BCI/BAI le linn na bliana 2009 le hidirghníomhaíocht leanúnach i gcúrsaí craolacháin straitéiseacha, corparáideacha agus teicniúla.

An tAistriú chuig Teilifís Trastíre Dhigiteach (DTT)

Mar gheall ar neamhchinnteacht an chúlú eacnamaíochta le linn 2009 maidir leis an DTT agus cé go bhfuiltear ag leanúint leis an sprioc, is é sin múchadh analóige in Éirinn faoin mbliain 2012, tá údar imní ag TG4 go bhfuiltear bliain ar gcúl in Éirinn anois ón bplean bunaidh DTT a leathadh amach agus níl aon phlean oibre soiléir ann go fóill maidir le leathadh amach MUX1 agus leathadh amach an MUXES tráchtála. Bhí moill nach rabhtas ag súil léi ann ó thaobh an DTT a sheachadadh le linn 2009 agus rinne Boxer DTT Teoranta cinneadh gan glacadh leis an gceadúnas le seirbhís tráchtála DTT a sheachadadh. D'fhógair an BCI a chinneadh i mí na Bealtaine 2009, áfach, maidir le trí cheadúnas náisiúnta ilphléacs DTT a bhronnadh ar "One Vision". I dteannta le hilphléacs Saor go hAer a iompraíonn na cainéil croiláir Éireannacha (RTE1, RTE2, TV3, TG4, Teilifís Oireachtais agus b'fhéidir cainéal Scannán Éireannach), tacóidh sé freisin le seirbhís agus le cainéil Éireannacha nua. Tá TG4 rannpháirteach go hiomlán i mbunú DTT agus leantar ar aghaidh ag obair go dlúth le RTÉNL le héascú a dhéanamh ar dháileadh TG4 sa Phoblacht. Mura ndéileáiltear leis na moilleanna ar bhonn práinne, áfach, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé rómhall le seirbhís rathúil DTT a fhorbairt do mhargadh na hÉireann.

Táthar ag feitheamh le múchadh analóige sa Ríocht Aontaithe freisin, agus tá TG4 ag obair go dlúth leis na gníomhaireachtaí agus leis na Ranna ábhartha, sa Tuaisceart agus sa Deisceart, lena chinntiú go mbeidh an cainéal ar fáil go forleathan i dTuaisceart Éireann. Tá sé mar aidhm ag TG4 iompar DTT a bhaint amach sa Tuaisceart ar MUX 2 atá le leithroinnt ar Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí, mar atá molta ag rialtóir Ofcom ina thuarascáil ar Chraoltóireacht Seirbhíse Poiblí. Mar atá leagtha amach sa Tríú Tuarascáil de chuid Choiste Ghnóthaí Thuaisceart Éireann ar Chraoltóireacht Teilifíse i dTuaisceart Éireann, luann Siôn Simon MP, Aire do Thionscail Chruithaitheachta sa Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt, go bhfuil:

"ráthaíocht ag TG4 faoi Chomhaontú Bhéal Feirste agus go bhfuil freastal á dhéanamh faoi láthair ar thart 65% de Thuaisceart Éireann. Tar éis an aistrithe beidh sé ar fáil don chéatadán iomlán aistrithe den daonra, a sheasfaidh ag 98%, nó cibé figiúr é, mar sin cuirfear go mór lena chlúdach".

Ina theannta sin, táimid fíorshásta gur comhaontaigh Rialtais na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe Meabhrán Tuisceana go luath sa bhliain 2010, a chuireann creat oibre ar fáil atá dírithe ar aistriú réidh chuig aistriú digiteach a chinntiú agus fáil fhairsing leanúnach ar TG4 i dTuaisceart Éireann tar éis an aistrithe dhigitigh a chinntiú.

Obair TG4 ar Reachtaíocht agus ar Pholasaí Craolacháin

D'oibrigh TG4 go dlúth leis an Roinn Cumarsáide le linn na bliana 2009 ar shaincheisteanna a bhain le maoiniú agus comhlíonadh Acht Craolacháin 2009. Chuaigh an Bille trí na céimeanna deiridh achtaithe in Earrach na bliana 2009 agus rinne TG4 roinnt aighneachtaí chuig an Aire agus chuig an gComhchoiste araon agus achtaíodh an tAcht Craolacháin faoi dheireadh i mí Iúil na bliana 2009.

Leanann TG4 mar chraoltóir seirbhíse poiblí lena ról gníomhach in aon ghníomhaíocht a chuireann eolas ar fáil do chinntí polasaí, do threoracha agus d'fhorálacha reachtaíochta ag leibhéil náisiúnta agus ag leibhéil na hEorpa a bhaineann le craolachán agus a rialaíonn é. Le linn na bliana 2009 lean TG4 lena chomhaltas gníomhach i gcomhlachtaí príomhearnálach agus i gcomhlachtaí ionadaíochta ar nós Grúpa Craoltóirí Teilifís in Éirinn (TBIG), Cónaidhm Closamhairc IBEC, Aontas Craolacháin na hEorpa (EBU) agus sa Líonra Craoltóirí Teilifíse Dúchasacha Domhanda (WIBTN). In ainneoin scála oibríochtaí agus acmhainní TG4, tá ról ceannaireachta aige i ngníomhaíochtaí roinnt mhaith de na comhlachtaí sin.

Ba bhuaiçphointe mór le linn na bliana a bhí i gcuairt an Taoisigh, Brian Ó Comhain, T.D. go Ceannáras TG4 i mBaile na hAbhann an 24 Meán Fómhair. Thug sé aitheantas speisialta d'obair leanúnach TG4 agus bhíomar fíorshásta lena chuairt.

Tuaisceart Éireann

Arís eile bhí ról mór ag TG4 le linn 2009 i ndéantóirí polasaí a chur ar an eolas maidir leis an tábhacht a bhaineann le hearnáil léiriúcháin Thuaisceart Éireann, lena bhfuil bainte amach ag an earnáil agus an riachtanas atá ann ciste buan a dhéanamh de chiste an ILBF chun tacú leis an bhforbairt.

Ag tús 2008, bhí deireadh le teacht leis an ILBF agus ní raibh aon ráiteas soiléir ag teacht ó na hÚdaráis sa Ríocht Aontaithe maidir lena thodhchaí. Mar thoradh

ar dhianstocaireacht ó TG4 agus grúpaí eile de, fógraíodh go raibh síneadh dhá bhliain á chur leis an gciste (go Márta 2011). Ó tharla go bhfuil an Ciste seo á mhaoiniú ag Rialtas na Ríochta Aontaithe, lean TG4 le linn na bliana 2009 le stocaireacht a dhéanamh i ndlúthrannpháirtíocht le craoltóirí agus le heagraíochtaí atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann ar mhaithe le bonn buan a aimsiú don chiste.

Oibríochtaí Forbartha TG4

Tuigeann TG4 chomh tábhachtach is atá sé foireann a bheith againn ag a bhfuil scil agus atá ar ardchaighdeán i gcomhar le córais agus le teicneolaíocht den scoth. Táimid ag iarraidh iad sin a chothú laistigh den eagraíocht agus ar an gcaoi chéanna tacaímid le cultúr feabhsúcháin go leanúnach.

Bhí feidhmiú leanúnach chóras Bhainistiú Sócmhainní Digiteacha (DAM) ina mhórhionscnamh sa bhliain 2009. Leis an gcóras DAM tá TG4 ag gluaiseacht i dtreo timpeallacht oibríochta gan téip agus is é an tionscadal seo an tionscadal is mó ar tugadh faoi riamh ó tugadh faoin tionscadal innealtóireachta teicniúil le TG4 a bhunú i lár na 1990aidí. Tugadh dearadh agus sonraíocht infrastuchtúr an DAM chun críche go luath sa bhliain 2009 agus tá an dáta socraithe do mhí Iúil na bliana 2009 leis an gcóras “Dul Beo” go hiomlán. Rinneamar infheistíocht maidir le huasghrádú a dhéanamh ar roinnt príomhchóras riaracháin agus craolacháin eile agus i gcomhar leis sin, rinneamar athbhreithniú ar na próisis ghaolmhara ar fad lena chinntiú go ndéanfar iad a sheachadadh chomh héifeachtach agus is féidir.

I dtéarmaí Rialachas & Comhlíonadh, táimid i ndáiríre faoinár ndualgais agus oibleagáidí reachtúla agus bímid rannpháirteach i gcainteanna rialta leis na comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus leis na rialtóirí ar fad nach mór dúinn tuairisciú chucu, lena n-áirítear an Bord, an tAire agus an BAI. Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh seachtrach ar TG4 freisin le linn na bliana 2009 agus arís eile, chomhoibrigh TG4 go hiomlán leis an bpróiseas agus leis na moltaí. Thug TG4 faoi athbhreithniú riosca iomlán agus faoi athbhreithniú bhainistiú riosca na heagraíochta freisin sa bhliain 2009, agus dhearbhaigh an t-athbhreithniú go bhfuil infheictheacht bainistíochta ag baint leis na rioscaí móra ar fad a bhfuil TG4 i ngleic leo agus go bhfuil siad á mbainistiú trí phróisis shainmhínithe.

Ag Féachaint Chun Cinn

Ba bhliain an-chrua a bhí sa bhliain 2009 agus d'fhéadfadh sé go mbeadh an bhliain 2010 níos deacra fós. Tá roinnt comharthaí ann, áfach, go dtiocfaidh feabhas ar rudaí sa dá bhliain nó sa trí bliana atá amach romhainn. Mar gur dóigh gurb é TG4 an beart is mó a bhfuil tóir air, agus is dearfa agus is inrochtaine ó

thaobh an Ghaeilge a chur chun cinn leis na glúine, tá sé tábhachtach nach gcaillfear an dul chun cinn sin mar gheall ar na deacrachtaí eacnamaíochta atá againn faoi láthair. Maidir leis sin tá roinnt dúshlán i ndán dúinn sna blianta atá amach romhainn.

Cé go bhfuilimid ag feidhmiú chomh héifeachtach agus chomh stuama agus is féidir ó thaobh costais de, ní mór do TG4 leanúint ag díriú ar rialú costais agus ar fheabhas a chur ar léiriúcháin, chomh maith le seirbhís a fhorbairt trí ábhar nuálach, sceideal cláir a fhorbairt agus trí bhealaí cruthaitheacha a aimsiú le feabhas a chur ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt sheirbhís fhoriomlán TG4.

Tá Státchiste dóthanach agus samhail mhaoinithe ilbhliantúil ina bpríomhthosaíochtaí ag TG4. Mura bhfreastalaítear ar an gcuspoir sin d'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí fadtéarmacha aige maidir le seirbhís TG4 a fhorbairt, maidir leis an nGaeilge agus leis an gcultúr, maidir le lucht féachana TG4 agus ar ndóigh maidir le fostaíocht san earnáil léiriúcháin neamhspleách agus maidir leis an ngeilleagar náisiúnta níos leithne san áit a bhfuil tionchar mór againn ar chúrsaí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúir. Aithnímid, áfach, go bhfuil timpeallacht airgeadais agus eacnamaíochta amuigh ansin atá thar a bheith dúshlánach agus admhaímid nach mbeidh sé éasca maoiniú breise a fháil chun tacú le TG4 sna blianta atá amach romhainn. Tá sé mar aidhm ag TG4 freisin an cas maidir le maoiniú ilbhliantúil a chur os comhair an Rialtais arís, dá dtagraítear dó san Acht Craolacháin 2009. Bíonn deacracht ag TG4 forbairt fhadtéarmach a phleanáil mar gheall ar an neamhchinnteacht a bhaineann leis na leibhéil mhaoinithe bhliantúla.

Leanfaidh cláir ina gcroífhócas ag TG4 do chomhdhéanamh an sceidil, an cóimheá idir ábhar Gaeilge agus ábhar i dteangacha eile agus díriú go sonrach ar ár gcatagóirí lucht féachana agus tá tionchar criticiúil acu sin ar fad ar chomh maith agus a éireoidh leis an gcaineál. Tá sé fiorthábhachtach go leanfaidh na cláir ag neartú ár seasaimh i dtírdhreach craolacháin na hÉireann agus ar an mbealach sin leanfaimid le seirbhís phoiblí atá ar ardchaighdeán a sheachadadh, seirbhís a chuireann chun cinn agus a dhéanann ceiliúradh ar an nGaeilge agus ar an gcultúr, a thugann údar taitnimh leis an teanga, a chinntíonn go bhfuil Gaeilge mar chuid den saol ó lá go lá agus go tarraingíonn sí daoine chuici féin tríd an tseirbhís atá á cur ar fáil ag TG4. Chun é sin a sheachadadh, ní mór do TG4 leanúint ar aghaidh le forbairt a dhéanamh ar fháil clár agus ar na próisis choimisiúnaithe agus oibriú go dlúth le gníomhaireachtaí agus le cuideachtaí forbartha le bua na cruthaitheachta a chur chun cinn laistigh den earnáil léiriúcháin neamhspleách Ghaeilge. Tá sé rithábhachtach ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar bhua cruthaitheachta léiriúcháin Éireannaigh agus ar mhaithe le tacú le

forbairt réigiúnach go mbeidh ar chumas TG4 leanúint le coimisiúnú a dhéanamh ar ábhar clár bunaidh ón earnáil seo. Cuireann maoiniú clár ar chumas TG4 freisin cláir a dhéanamh nach léireofaí murach an maoiniú sin, tá “breisiócht” dháiríre ansin don earnáil agus do sceideal clár agus do shástacht lucht féachana TG4 araon. Tá sé mar aidhm ag TG4 sna blianta atá romhainn oibriú chun tacú le forbairt leanúnach na gcistí sin. Mar chraoltóir seirbhíse poiblí náisiúnta Gaeilge, tá sé mar aidhm ag TG4 a bheith lárnach i Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge an Rialtais. Cé go n-aithníonn TG4 na dúshláin mhóra eacnamaíochta atá amach romhainn agus go mbeidh an maoiniú a theastaíonn leis an straitéis seo a sheachadadh gann, mar sin féin mar chraoltóir seirbhíse poiblí náisiúnta Gaeilge, tá sé mar aidhm againn a bheith rannpháirteach go hiomlán i bhfeidhmiú na straitéise thar na 20 bliain atá amach romhainn. Tá sé seo ríthábhachtach leis an nGaeilge a chur chun cinn agus leis an nGaeilge agus leis an gcultúr a bheith inrochtaine ag gach grúpa aoise in Éirinn agus thar lear araon. Táthar ag déanamh dul chun cinn in Éirinn i ndáil leis an DTT agus le múchadh analóige agus ní mór dúinn ár n-áit a choinneáil sa mhargadh iomaíoch digiteach teilifíse. Tá TG4 tiomanta d’fhorbairt thábhachtach na craoltóireachta agus do chinntiú go ndéanfar an cainéal a leathadh amach ar MUX 1 ar líonra an DTT sa Phoblacht. Leanfaidh TG4 freisin ag díriú ar fhorbairt na seirbhíse mar sheirbhís uileoileánda, ag freastal orthu siúd atá ar an taobh ó Thuaidh den Teorainn agus ag tacú le hearnáil léiriúcháin Ghaeilge a chruthú ansin. Fanfaidh cothabháil sciar i margadh craoltóireachta atá ilroinnte níos mó agus níos mó mar phríomhdhúshlán ag TG4. Cé go bhfuilimid muiníneach go mbeidh sceideal tarraingteach láidir againn sa bhliain 2010 a chiallóidh go gcoinneoidh ár sciar de 2.6% faoi choinníollacha oibríochta 2009, tá an seans ann mar gheall ar na hathruithe a bhfuiltear ag súil leo sa timpeallacht oibríochta sa bhliain 2010, ar nós ardú ar sciar digiteach Sky/Cable i dteannta leis an moill leanúnach ar leathadh amach an DTT, go dtiocfaidh titim dó nó trí de phointí ar ár sciar. Beidh cúinsí breise eile i gceist freisin le linn na bliana 2010 a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar sciar TG4, eadhon, an t-ardú atá ag teacht ar shampla Nielsen ó 670 go 1,000 agus go mbeidh PVRna tomhaiste ó mhí Mheán Fómhair 2010 ar aghaidh. Ní féidir a thuairiscí a tionchar a bheidh ag an dá bheart sin ar sciar an chainéil. Tá sé mar aidhm againn áfach ár seasamh 4ú sraith i gcomórtas leis na chainéil thábhachtacha eile a chaomhnú agus TG4 a choinneáil go mór chun tosaigh ar an iliomad cainéal digiteach eile ó thaobh sciar de.

Leanfaidh oibríochtaí forbartha ina dtosaíocht do TG4 le torthaí ag teacht ó thionscadal DAM thar 2010.

Ar deireadh, ní fhéadfaimid dearmad a dhéanamh ar fhoireann TG4 a léirigh fíor-thiomantas don tseirbhís thar na blianta ón am ar bunaíodh an tseirbhís agus go háirithe le bliain anuas, bliain a bhí thar a bheith

crua agus táimid fíorbhuíoch as a gcúnamh agus as a dtacaíocht do TG4 le linn costais a bheith á laghdú. Leanfaimid orainn ag cur béime ar an tábhacht a bhaineann le daoine ag a bhfuil scil agus tallann agus iad ag obair linn agus tugaimid aitheantas don méid oibre a dhéanann siad don eagraíocht.

Buíochas

Tá roinnt mhaith daoine ar mian liom buíochas a ghlacadh leo as a dtacaíocht i rith na bliana.

Ar dtús, mo bhuíochas leis an Aire Eamon Ryan agus oifigigh a Roinne as a dtacaíocht leanúnach do TG4 le linn 2009.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin leis an gCathaoirleach, Peadar Ó Cuinn agus leis an mBord as a dtiomantas flaithiúil do TG4 agus as an tacaíocht agus as an treoir a chuir siad ar fáil d’Fheidhmeannacht TG4 le linn na bliana.

Tá ár mbuíochas tuillte freisin ag an BAI, Bord Scannán na hÉireann, an Ciste Craoltóireacht Gaeilge i dTuaisceart Éireann, Údarás na Gaeltachta, an earnáil neamhspleách a chuireann cláir den scoth ar fáil do TG4 agus gan dearmad a dhéanamh ar na heagraíochtaí ar fad a thugann tacaíocht do TG4 ó thaobh fógraíochta agus urraíochta de. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghlacadh le RTÉ as a dtacaíocht leanúnach do TG4 agus as na 365 uair an chloig d’ábhar Gaeilge a chuireann siad ar fáil don tseirbhís ar bhonn bliantúil. Táimid ag tnúth go mór a bheith ag obair leo an chéad bhliain eile.

Tá buíochas ag dul freisin do go leor eagraíochtaí ionadaíoch a n-oibrímid leo chun an chraoltóireacht, an Ghaeilge agus an cultúr in Éirinn a chur chun cinn. Mar go bhfuil an iomarca acu ann lena n-ainmniú ar fad, táimid buíochas as na gníomhaíochtaí ina rabhamar rannpháirteach leo inár n-iarrachtaí leis an nGaeilge agus an cultúr in Éirinn agus thar lear a chur chun cinn.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaithe, le bainistíocht agus le foireann TG4, as a ndíogras agus a gcreidiúint ó thaobh chomh maith agus atá ag éirí leis an gcainéal. Tá mé ag tnúth go mór oibriú leo arís le linn 2010 nuair a leanfaimid ag neartú sheasamh TG4 sa mhargadh craoltóireachta agus ag tabhairt aghaidh ar na deiseanna breátha sna blianta amach romhainn.

Pól Ó Gallchóir
Ardstiúrthóir



**RÍALACHAS
CORPARÁIDEACH }**

Fíorscéal

Feidhmiú Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit

Ghlac an Bord go foirmiúil leis an gCód Cleachtais leasaithe do Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar a d'eisigh an Roinn Airgeadais i mBealtaine 2009, ag a chruinniú a tionóladh in Iúil 2009.

Dheimhnigh an Coiste Iniúcháireachta go ndearna sé athbhreithniú ar rialuithe airgeadais inmheánacha Theilifís na Gaeilge i 2009. Ghlac an Bord leis seo agus rinneadh tuairisciú air i miontuairiscí ag cruinniú den Bhord, an 22 Feabhra 2010

Tá treoir faighte freisin ag gach comhalta Boird ar chóid eitice iompair agus go háirithe maidir lena bhfreagracht i dtaobh cóid iompair do chomhaltaí agus d'fhoireann Theilifís na Gaeilge.

An tAcht um Eitic in Oifig Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifig Poiblí, 2001

Is comhlacht poiblí forordaithe é Bord Theilifís na Gaeilge chun críche an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001.

Tá comhaltaí uile an Bhoird, mar shealbhóirí 'stiúrthóireachtaí sainithe' agus comhaltaí foirne a bhfuil 'poist shainithe' acu curtha ar an eolas maidir lena ndualgas faoin reachtaíocht eitice agus treoir chuí tugtha dóibh.

Bainistiú Riosca

Ag aithint na tábhachta a bhaineann le bainistiú riosca, rinne an Bord athbhreithniú iomlán riosca ar an eagraíocht i 2009. Cuireadh tuarascáil ar mheasúnú riosca os comhair an Bhoird ag an gcruinniú i Nollaig 2009. Ghlac an Bord le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus straitéisí le maolú a dhéanamh ar riosca, mar atá léirithe sa tuarascáil, ag an gcruinniú sin.

Comhaontaíodh freisin gur próiseas leanúnach atá i gceist. Dá bhrí sin tabharfar an clár riosca cothrom le dáta i rith 2010 agus cuirfear i láthair an Bhoird é in am trátha.

Tá na coistí seo a leanas bunaithe ag an mBord chun cuidiú lena ndualgais a chomhlíonadh.

Is iad sin an Coiste Iniúcháireachta agus an Coiste Airgeadais. Tá comhaltacht na gcoistí seo liostaithe ar leathanach 6 faoi 'Bord Theilifís na Gaeilge agus eolas eile'.

Áirítear iad seo a leanas ar ról agus ar fhreagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta;

- Comhaontú ar an bplean iniúcháireachta inmheánaigh don bhliain atá amach romhainn.

- Athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúchadh inmheánach maidir le héifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fheidhmiú moltaí.

- Monatóireacht agus athbhreithniú ar fheidhm iniúcháireachta inmheánaigh na cuideachta i gcomhthéacs córas bainistíochta foriomlán riosca na cuideachta.

Áirítear iad seo a leanas ar ról agus ar fhreagrachtaí an Choiste Airgeadais;

- An creat don luach saothair d'Ard-Stiúrthóir na cuideachta agus do chomhaltaí na bainistíochta feidhmiúcháin a chinneadh agus a chomhaontú leis an mBord.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht agus ar ábharthacht an pholasaí luach saothair.
- Na scéimeanna pá de réir feidhmíochta atáthar a fheidhmiú ag an gcuideachta a cheadú agus na híocaíochtaí bliantúla iomlána a dhéantar faoi scéimeanna den sórt sin a cheadú.
- A bheith freagrach as aon chomhairleoirí luach saothair a chuireann comhairle ar an gcuideachta a roghnú.

Díolaíochtaí do Stiúrthóirí

Chomhlíon TG4 na teoracha a chlúdaíonn íocaíocht na dtáillí le Cathaoirligh agus Stiúrthóirí Comhlachtaí Stáit, a d'eisigh an tAire Airgeadais i mí Iúil 1992. Cuireadh laghdú deonach de 10% ar tháillí an Chathaoirligh agus na gcomhaltaí i bhfeidhm le linn na bliana 2009.

Bord TG4	Táillí €'000	Costais €'000
Peadar Ó Cuinn	23	3.2
Pádraic Mac Donncha	13	1.5
Regina Uí Chollatáin	13	1.0
Brid Ní Neachtain	13	0.9
Seosamh Ó Conghaile	13	0.4
Fergal Ó Sé	13	2.8
Méabh Mhic Gairbeith	13	2.7
Eilís Ní Chonnaola	13	0.3
Méadhbh Nic an Airchinnigh	13	0.8
Pól Ó Gallchóir	6	—
Costaisí Ginearálta an Bhoird	133	13.6

Bhí naonúr comhalta neamhfheidhmiúcháin agus comhalta feidhmiúcháin amháin, is é sin an tArd-Stiúrthóir ar an mBord an 31 Nollaig 2009.

Chomh maith lena cuid táillí, fuair Regina Uí Chollatáin suimeanna nach raibh ábhartha as rannpháirtíochtaí clár.

Athbhreithnithe Ioncaim agus Caiteachais

Athbhreithníonn an tuarascáil seo feidhmíocht ioncaim agus caiteachais TG4 in 2009 i dtéarmaí na bpríomhfhoinsí agus úsáid ioncaim, agus ár bpríomhthiománaithe costais agus ár bhfócas foriomlán ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead. Cuireann an t-athbhreithniú feidhmíocht TG4 in 2009 i gcomparáid le feidhmíocht in 2008 faoi na ceannteidil seo a leanas:

- 1 **Ioncam**
- 2 **Caiteachas Oibríochta**
- 3 **Rialú Costais agus Éifeachtúlacht in 2009**
- 4 **Tionchar Laghdaithe Buiséid an Rialtais**
- 5 **Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2009**

1 Ioncam

Mar is léir ón Tábla thíos, ba €38.7m an t-ioncam iomlán (idir maoiniú reatha Stáitchiste agus ioncam tráchtála) i 2009 (2008: €39.8m) I gcomparáid leis an mbliain roimhe sin tháinig laghdú de 2.8% ar ioncam iomlán TG4 in 2009. Ba maoiniú reatha ón stáitchiste beagnach €35.2m (2008: €35.5m) de sin agus b'ionann é sin agus 91% d'ioncam iomlán TG4 agus sciar ioncaim tráchtála ag 9% in 2009 ag €3.45m (2008: €4.3m)

I dtéarmaí maoinithe reatha Stáitchiste, cheadaigh Buiséad 2009 €38.01m i maoiniú reatha Stáitchiste do TG4, a léirigh méadú de 7.15% ar leibhéil mhaoinithe reatha 2008. Rinneadh athbhreithniú anuas 7.31% air sin i mBuiséad Aibreán 2009, áfach, ag laghdú leibhéil mhaoinithe TG4 €2.78m agus ag tabhairt mhaoiniú reatha Stáitchiste TG4 go dtí €35.23m - 0.7% faoi leibhéil 2008.

Cé gur laghdaigh maoiniú reatha Stáitchiste 0.7% thar leibhéil 2008, tháinig laghdú 21% ar ioncam tráchtála (fógraíocht agus urraíocht). Tharla an laghdú sin de bharr margaidh a bhí dúshlánach ó thaobh na heacnamaíochta agus iomaíochais go háirithe sa leath deiridh de 2009. Ba chóir a mheabhrrú, áfach, gur shocraigh TG4 sprioc-ioncam de €2.4m, ó dhíolachán fograíocht agus urraíocht, di féin do 2009 bunaithe ar sprioc de sciar lucht féachana náisiúnta 2.7% den bhliain agus ghin sí €2.8m ar sciar lucht féachana náisiúnta nach raibh ann ach 2.6% i 2009. Cé gur laghdú é sin i gcomparáid leis an ioncam a gineadh i 2008, sháraigh sé spriocanna TG4 do 2009 de bhreis is 16% agus b'éacht dáiríre é sin i gcomhthéacs an mhaolaithe ar mhargadh na fógraíochta. Toradh ar an maolú ná aistriú i gcothromaíocht ioncaim iomláin idir maoiniú an Stáitchiste agus ioncam tráchtála. D'ardaigh sciar d'ioncam iomlán ó mhaoiniú an Stáitchiste ó 89% i 2008 go beagnach 91% i 2009 le sciar d'ioncam tráchtála laghdaithe ó bheagnach 11% go díreach faoi 9%. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach sa mhéid is go mbíonn na cláir nach cláir Ghaeilge á maoiniú ó ioncam tráchtála, agus go mbíonn an t-ábhar sin riachtanach

chun cothromaíocht a chur ar fáil sa sceideal agus chun rátálacha lucht féachana a mhealladh. D'fhéadfadh sé mar sin, go gcuirfeadh aon mhaolú leanúnach mar sin isteach ar chumas céannachta TG4 maidir le hábhar cláir nach cláir Ghaeilge iad.

Tábla 1: Ioncam TG4 2009

	2009		2008	
Tuairisc	€000's	%	€000's	%
Deontas-i-gCabhair	35,233	91%	35,473	89%
Tráchtáil (fógraíocht agus urraíocht)	2,838	7.4%	3,592	9.1%
Tráchtála Eile	616	1.6%	764	2%
Ioncam Iomlán	38,687	100%	39,829	100%

2 Caiteachas Oibríochta

Socraíodh buiséad TG4 ar dtús nuair a cuireadh Deontas-i-gCabhair an Rialtais ar fáil i mBuiséad 2009 an Rialtais a foilsíodh go déanach in 2008. Thug an buiséad san áireamh chomh maith ioncam dóchúil an chainéil do 2009 ó fhoinsí maoinithe eile eadhon, ioncam tráchtála ó dhíolachán am ar an aer agus ó urraíocht clár.

In 2009 áfach, bhí ar TG4 buiséad athbhreithnithe a dheachtú agus a chur i bhfeidhm don bhliain mar gheall ar an laghdú de €2.8% ar a mhaoiniú reatha Stáitchiste agus ar an gcúlú ollmhór (os cionn 30%) ó thaobh caiteachais fógraíochta teilifíse ar fud mhargadh na hÉireann agus ina dhiaidh sin, an laghdú ina ioncam tráchtála.

I dtéarmaí caiteachas oibríochta bliantúil, leag TG4 béim leanúnach ar shamhail oibríochta, a oibríonn chomh héifeachtúil agus is féidir agus ar bhainistiú costas chun luach ar airgead a chinntiú maidir leis na gníomhaíochtaí ar fad. B'ionann caiteachas oibríochta iomlán agus €38.85m in 2009, laghdú 3% ar an €40.06m in 2008.

Rinneadh laghduithe ar fud na gcatagóirí caiteachais ar fad in 2009. Mar shampla, bhí laghdú 6.1% ar chostais foirne, 19% ar chostais mhargaíochta agus taighde agus 2% ar chaiteachas clár. Tharla sé sin go príomh mar gheall ar na hathruithe buiséid a rinneadh i ndiaidh na laghduithe maoinithe reatha in 2009.

Tábla 2: Caiteachas Oibríochta TG4 2009 v 2008

Táscaire	€000's		% Athrú 2009 v 2008
	2009	2008	
Costas Díolacháin ar Ioncam Tráchtála	752	974	(22.8%)
Costais Foirne	5,738	6,109	(6.1%)
Caiteachas Clár Margaíocht agus Taighde	25,277	25,701	(1.65%)
Costais Chraolacháin	1,508	1,865	(19%)
Forchostais Eile (Dímheas, Bord, etc.)	3,802	3,598	5.7%
Amúchadh Deontas	1,338	1,375	(2.7%)
Caiteachas Iomlán Oibríochta	1,347	1,452	(7.23%)
	(912)	(1,015)	(10.1%)
Caiteachas Iomlán Oibríochta	38,850	40,059	(3%)

Tháinig laghdú de 3% ar chaiteachas oibríochta iomlán TG4 in 2009.

3 Rialú Costas agus Éifeachtúlacht

Agus é ag obair chomh héifeachtach, chomh costas-éifeachtúil agus chomh críonna agus ab fhéidir in 2009, d'aithin TG4 coigiltis i ngach réimse oibríochtúil agus iarracht á déanamh gan tionchar a bheith aige ar chaighdeán an aschuir chláir. Chun dul i ngleic leis an laghdú ollmhór ó thaobh maoinithe de i rith 2009, chuaigh TG4 chuig a soláthróirí agus a gconraitheoirí ar fad chomh maith le dul i gcomhairle go himmheánach, comhoibriú agus coigiltis a lorg le coigilteas iomlán díreach os cionn €3m faighte feadh na réimsí costas go léir. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird gur chomhaontaigh Bord agus foireann TG4 ar aon tuairim laghdú táille/pá de suas le 10% a thógáil mar chuid de laghduithe costas an chainéil. Go foriomlán, is é cur chuige TG4 ná leanúint le héifeachtacht costas ar chlár choimisiúnaithe agus léiriúcháin inti a chothabháil agus a bhforchostas a rialú chun struchtúr atá lom agus éifeachtach ó thaobh costais a chothabháil.

I dtéarmaí na laghdaithe sainiúla a rinneadh, agus é ag obair go héifeachtach maidir le pá/tuarastal foirne agus costas na gcomhaltaí foirne eile, rinne TG4 iarracht laghduithe breise a dhéanamh i gcostais na gcomhaltaí cibé áit is féidir é sin a dhéanamh. In iomlán, baineadh amach laghdú 6% feadh tuarastail agus costais foirne eile.

Ar an gcaoi chéanna, shocraigh comhaltaí Bhord TG4 laghdú 10% i dtáillí a thógáil go deonach agus laghdú 20% i rátaí taistil agus cothabhála.

Bhí cláir ar an gcatagóir is deacra chun laghduithe costas a chur i bhfeidhm inti mar go léiríonn siad príomhghné

fhócas straitéiseach TG4. Ach mar gheall ar an scála caiteachais clár ollmhór (beagnach 70% de chaiteachas oibríochta), bhí sé deacair é sin a sheachaint. Rinne TG4 iarracht laghduithe a dhéanamh gan tionchar diúltach a fhágáil ar chaighdeán aschur na gclár cibé áit ab fhéidir.

Mar a tugadh ar aird níos luaithe san Athbhreithniú seo, rinne TG4 iarracht laghduithe praghsanna/rátaí a dhéanamh cibé áit ab fhéidir ón earnáil neamhspleách ar idirbhearta aschuir atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, chuir TG4 siar go dtí 2010 roinnt sraitheanna a bhfuil geallúint tugtha ag an gcainéal fúthu. Cé go raibh sé deacair na laghduithe a dhaingniú, creideann TG4 nach raibh tionchar aige sin ar leibhéal fostaíochta na hearnála, mar níor laghdaíodh líon iarbhir na léiriúcháin sa ghearrthéarma. Bhí TG4 sásta leis an bhfreagairt dhearfach ó dhéantóirí clár faoi mholtaí chun costais a ghearradh, cuairt a thabhairt in athuair ar na buiséid léiriúcháin, coigiltis a dhéanamh agus tionscadail agus dátaí seachadta a athsceidealadh. Bhí comhfhis agus cinnteacht chun cáil TG4 ó thaobh cláir ardchaighdeán agus éagsúla a chothabháil soiléir i rith an phróisis. Tá sé beartaithe ag TG4 leanúint leis an ndlúthchomhpháirtíocht atá aige le soláthraithe agus leis na comhráite leanúnacha leis an earnáil léiriúcháin a raibh tairbhe ollmhór le baint aisti sna tréimhsí crua seo. Aithníonn TG4 chomh maith, áfach, go mbeidh sé thar a bheith deacair ag cuideachtaí léiriúcháin a n-oibríochtaí agus a leibhéal fostaíochta a chothú sa chás go dtarlóidh laghduithe eile amach anseo.

Cé go n-aithníonn TG4 an tábhacht a bhaineann le margaíocht agus cur chun cinn, d'fheidhmigh sé laghdú costas 19% sa bhuiséad seo de bharr gur chealaigh sé roinnt imeachtaí urraíochta agus tionscail, laghdú ar ghníomhaíochtaí bolscaireachta agus laghdú 16% i mbuiséad fógraíochta an chainéal. Ar deireadh, chuir TG4 suirbhé taighde lucht féachana siar go dtí 2010, rud a shábháil roinnt costas. Bhí an caiteachas iarbhir 23% faoi bhuiséad bunaidh TG4 a bhí socraithe don bhliain.

4 Tionchar Laghduithe Buiséid an Rialtais

Ní bheidh leibhéal na gcorruithe caiteachais atá déanta ag TG4 in 2009 inbhuanaithe agus muid ag dul ar aghaidh. Mura n-éireoidh le TG4 maoiniú breise a dhaingniú sna blianta amach romhainn, ní bheidh aon rogha ann ach laghdú ar choimisiúin chlár. Toisc nach bhfuil an earnáil léiriúcháin neamhspleách in ann tuilleadh laghduithe i bpraghsanna ó TG4 a sheasamh mar gheall go bhfuil siad cheana féin ag feidhmiú ag leibhéil buiséad atá comhionann le 2002 (vis-à-vis RTÉ) agus mar gheall go bhfuiltear ag ionsú 10% laghduithe praghsanna ó TG4 in 2009, ní bheadh toradh ar bith eile as tuilleadh laghduithe ach ciorraithe post agus tionchar ina dhiaidh sin ar earnáil léiriúcháin na hÉireann agus ar an ngeilleagar tríd is tríd.

5 Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2009

Chaith TG4 70% dá maoiniú reatha ón Státchiste ar ábhar clár Gaeilge mar a léirítear sa Tábla thíos agus 16% breise dá maoiniú reatha ar chostais dhíreacha craolacháin. D'ardaigh TG4 an leibhéal aschuir de chlár nua laethúla Gaeilge chomh maith – ó 4.42 uair a chloig go 4.58 uair an chloig in aghaidh an lae.

Tábla 3: Caiteachas ar Ábhar Gaeilge

Tuairisc	2009		2008	
	€000's	%	€000's	%
Maoiniú Reatha				
Státchiste	35,233	100%	35,473	100%
Clár Ghaeilge:				
Coimisiúnú	17,974	51.0%	18,126	51.1%
Ceannaithe/Dubáilte/				
Fotheidealaithe	4,912	13.9%	5,099	14.4%
Costais Foirne				
Léiriúcháin (tuarastail				
san áireamh)	1,964	5.6%	1,561	4.4%
Costas iomlán an				
Ábhair Gaeilge	24,850	70%	24,786	70%



**RÁITEAS
AIRGEADAS**



Féilte

Teilifís na Gaeilge**Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009****Clár**

<i>Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird</i>	35
<i>Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach</i>	36
<i>Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste</i>	37
<i>Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta</i>	39
<i>Cuntas Ioncaim agus Caiteachais</i>	41
<i>Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Iomlána</i>	42
<i>Clár Comhardaithe</i>	43
<i>Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid</i>	44
<i>Nótaí leis na Ráitis Airgeadais</i>	45

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Bliain dár chríoch 31 Nollaig 09

Leagann an tAcht Craolacháin 2009 dualgas ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú gach bliain airgeadais a thugann léargas cruinn cóir ar staid reatha Theilifís na Gaeilge agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain sin.

Le linn na ráitis sin a ullmhú, ceanglaítear mar a leanas ar an mBord:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaiochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach ina dhiaidh sin
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus críonna a dhéanamh
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú, agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é nach cuí glacadh leis go leanfaidh Teilifís na Gaeilge de bheith ar marthain.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn, aon tráth áirithe, staid airgeadais Theilifís na Gaeilge agus a gcumasaítear don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais forálacha an Achta agus na Cleachtais Chuntasaíochta Choitianta (GAAP) in Éirinn.

Ina theannta sin, tá an Bord freagrach as sócmhainní Theilifís na Gaeilge a choimirciú agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Coimeádtar leabhair chuntais an Bhoird in Oifigí Theilifís na Gaeilge, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

Peadar Ó Cuinn

Cathaoirleach

Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Theilifís na Gaeilge (TG4), admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a sholáthar go ndéantar sócmhainní a choimirciú, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a bhrath laistigh de thréimhse thráthúil.

Tá bearta déanta ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnach ann tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Nósanna imeachta ag leibhéal na bainistíochta a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun sócmhainní na heagraíochta a choimirciú;
- An struchtúr eagrúcháin agus freagrachtaí agus cumhachtaí an lucht bainistíochta, mar aon leis an gcuntasacht a ghabhann leis na nithe sin, a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta a bhunú chun taifeadadh a dhéanamh ar mhainneachtainí suntasacha agus a chinntiú go ndéantar gníomhartha cuí ceartúcháin.

Tá próiseas curtha ar bun maidir le priacail ghnó a shainaithint, a mheasúnú, a mhaolú agus a bhainistiú ar próiseas é ina n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Cineál, méid agus impleacht airgeadais na bpriacal atá ann do TG4 a shainaithint, lena n-áirítear rangú a dhéanamh i leith na bpriacal suntasach go léir;
- Measúnú a dhéanamh i dtaobh an dócha go dtarlóidh na priacail sainaitheanta agus ar chumas TG4 na priacail a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bpróiseas bainistithe priacal.

Tá an córas rialaithe inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmiligin agus cuntasachta. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil, a ndéanann an Bord Stiúrthóirí athbhreithniú air agus é a cheadú

- Athbhreithnithe rialta ón mBord Stiúrthóirí ar thuarascálacha airgeadais míosúla agus bliantúla a léiríonn gníomhaíocht agus feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí

- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíochtaí eile a mheas

- Nósanna imeachta do rialú infheistíochta caipitiúla

- Disciplíní bainistíochta tionscadal.

Úsáideann TG4 foinsí allamuigh dá feidhm iniúchta inmheánaigh a fheidhmíonn de réir an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach don Choiste Iniúchóireachta.

Bíonn tionchar ag torthaí an phróisis bhainistíochta riosca ar an bplean iniúchta inmheánaigh bliantúil agus tá sé leagtha amach lena dheimhniú go bhfeidhmíonn na srianta inmheánacha a mbitear ag brath orthu, i gcónaí.

Tá an anailís riosca agus an plean iniúchta inmheánaigh formhuinithe ag an gCoiste Iniúchóireachta a bhuaileann le chéile ar bhonn rialta, ach ní níos lú ná trí huaire in aghaidh na bliana, chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha a bhíonn ullmhaithe ag feidhm an Iniúchta Inmheánaigh. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta go rialta don Bhord maidir leis na cúrsaí a mbíonn breithniú déanta aige orthu.

Cuidíonn obair an Iniúcháin Inmheánaigh, Coiste Iniúchóireachta an Bhoird féin agus na bainisteoirí sinsearach laistigh de TG4 a bhfuil cuntasacht orthu faoi fhorbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais agus bíonn tionchar aici orthu.

Deimhním gur ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh, sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009.

Sínithe thar ceann an Bhoird

Peadar Ó Cuinn

Cathaoirleach

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 iniúchta agam faoin Acht Craolacháin 2009.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas ar Gnóthachain agus ar Chaillteanais Iomlána Aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá Teilifís na Gaeilge freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta Craolacháin 2009, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn Teilifís na Gaeilge ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtugann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon Teilifís na Gaeilge an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtugann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtugann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí Theilifís na Gaeilge, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí Theilifís na Gaeilge ag 31 Nollaig 2009 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag Teilifís na Gaeilge. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

John Buckley**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste****1 Meitheamh 2010**

Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais.

1. Bunú Theilifís na Gaeilge

Is é Teilifís na Gaeilge an craoltóir Gaeilge a bunaíodh go reachtúil agus atá anois ann faoi réir na bhforálacha san Acht Craolacháin 2009.

2. An Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir prionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais mar a eisítear iad ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta de réir mar a thagann siad chun feidhme.

Tá na ráitis airgeadais á n-ainmniú in Euro.

3. Aithint Ioncaim

Ioncam Tráchtála

Seasann ioncam tráchtála don teacht isteach ó dhíolacháin ama craolta, urraíocht agus gníomhaíochtaí coimhdeacha. Aithnítear díolacháin, a léirítear glan ar CBL, sa chuntas ioncaim agus caiteachais nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

Muirearáítear coimisiún maidir le díolacháin don chuntas ioncaim agus caiteachais mar a thabhaítear.

4. Caiteachas

Cuimsíonn caiteachas, caiteachas oibríochta agus caipítíl.

Cuimsíonn glanchaiteachas oibriúcháin caiteachas na gclár agus riaracháin, glan ar theacht isteach tráchtála.

Déantar caiteachas clár a mhuirearú don chuntas ioncaim agus caiteachais mar a thabhaítear é.

5. Deontais ón Stát

Déantar glanchaiteachas oibríochta Theilifís na Gaeilge a mhaoiniú trí dheontas a fhaightear ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha. Aithnítear an deontas sa chuntas ioncaim agus caiteachas sa bhliain a bhfuarthas é.

Déantar caiteachas caipítíl a mhaoiniú ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha trí dheontais chaipítíl. Déantar na deontais seo a amúchadh ar an mbonn céanna go ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

6. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Léirítear sócmhainní seasta inláimhsithe ag an gcostas lúide muirear dímheasa agus aon soláthar do lagú.

Déantar dímheas a sholáthar ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe, cé is moite de thalamh, ag rátaí a ríomhtar chun costas bunaidh gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhunús de réir méid cothrom thar a saolré fóna, lúide luach iarmharach measta, mar seo a leanas;

	%
Foirgnimh	2.5
Trealamh	7.5 - 20
Feistis	10

Déantar na costais fhorbartha ar bhogearraí do mhór-chórais a chaipitliú agus a dhímheas de réir an chostais trealaimh a bhaineann leis ón dáta feidhmíthe.

7. Airgead Coigríche

Déantar idirbhearta ainmnithe in airgid choigríche a aistriú isteach go euro ag na rátaí malairte a fheidhmítear ar lá na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgid choigríche ag na rátaí malairte atá in uachtar ar dháta an chlár chomhardaithe agus áirítear gnóthachan nó caillteanas a eascraíonn dá bharr i gcuntas ioncaim agus caiteachais don bhliain.

8. Pinsin

Déanann Teilifís na Gaeilge ranníocaíochtaí maidir le scéim pinsin le sochar sainithe agus le ranníocaíocht sainithe.

Scéim le ranníocaíocht sainithe

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim le ranníocaíochtaí sainithe d'fhostaithe áirithe. Gearrtar íocaíochtaí chun na scéime seo ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais na bliana lena mbaineann siad.

Scéim le sochar sainithe

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim le ranníocaíochtaí sainithe do bheirt dá chuid oifigeach – an tArdstiúrthóir agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach. Maoinítear an scéim seo ó íocaíochtaí ó Theilifís na Gaeilge agus ón mbeirt oifigeach lena mbaineann agus aistrítear seo chuig ciste ar leith atá á riaradh ag iontaobhaithe.

Is é atá sa bhfigiúir do mhuirear pinsin sa gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ná an costas reatha seirbhíse móide an difríocht idir an aisíoc ionchais ar shócmhainní na scéime agus an costas úis ar fhiachas na scéime.

Aithnítear gnóthachan agus caillteanas achtúire a eascraíonn ó athruithe i mboinn tuisceana achtúire agus ó bharrachas agus easnaimh thaithí i ráiteas gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána na bliana ina dtarlaíonn said.

Déantar sócmhainní scéime pinsin a thomhas ar a luach cóir. Déantar dliteanais scéime pinsin a thomhais ar bhonn achtúire ag úsáid an mhodha aonaid theilgte. Léirítear mar dliteanas nó mar sócmhainn ar an gClár Comhardaithe farasbarr dliteanais scéime thar sócmhainní, de réir mar is cuí.

9. Cánachas

Tá cáin chorparáide iníoctha á solathar ar bhrabúis inchánacha ag rátaí reatha.

Aithnítear cáin iarchurtha i leith gach difríocht uainiúcháin a tionscnaíodh ach nár freaschuireadh ag dáta an Chláir Chomhardaithe i gcás gur tharla idirbhearta nó imeachtaí, ag an dáta sin, a raibh de thoradh orthu go raibh oibleagáid ann breis cánach a íoc amach anseo, nó ceart chun níos lú cánach a íoc amach anseo.

Is difríochtaí sealadacha iad difríochtaí ama idir barrachas a ríomhtar chun críocha cánach agus barrachas a luaitear sna ráitis airgeadais a eascraíonn toisc go ndéileáiltear le míreanna áirithe ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais i mblianta éagsúla chun críocha cánach.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas ag na rátaí cánach a meastar a bheidh i bhfeidhm sna blianta ina meastar go n-aisiompóidh na difríochtaí uainiúcháin, bunaithe ar rátaí cánach agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil faoi dháta an chláir chomhardaithe. Ní lascainitera cáin iarchurtha.

10. Tiomantais Léasa

Tá sócmhainní seasta inláimhsithe a fuarthas faoi léasanna airgeadais san áireamh sa Chlár Comhardaithe ag a luach caipitil chóibhéiseach agus déantar iad a dhímheas thar thréimhse an léasa agus a gcuid saol úsáideach. Taifeadtar na dliteanais chomhfhreagracha thar an tréimhse is giorra den téarma léasa agus thar a dtréimhse mar chreidiúnaí fónta. Déantar an eilimint úis de na cíosanna léasa airgeadais a mhuirearú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais go bliantúil. Déantar cíosanna léasa oibriúcháin a mhuirearú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn na líne díri thar thréimse an léasa.

Teilifís na Gaeilge

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €'000	2008 €'000
Díolacháin			
Ioncam Tráchtála	2	3,454	4,356
Costas Díolacháin	2	(752)	(974)
Glan Díolacháin		2,702	3,382
Caiteachas			
Costais Foirne	3	5,738	6,109
Speansais agus costais chomhaltaí an bhoird	4	147	168
Caiteachas Clár	5	25,277	25,701
Costais tarchuir		3,802	3,598
Margaíocht agus taighde	6	1,508	1,865
Forchostais	7	1,338	1,375
Dímheas	9	1,200	1,284
Caiteachas Iomlán		39,010	40,100
Glan chaiteachas oibriúcháin don bhliain		(36,308)	(36,718)
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil	8	81	106
Barrachas ar dhiúscairt sócmhainní seasta		-	6
		(36,227)	(36,606)
Maoiniú stáit	11	36,145	36,488
Easnamh ar ghnáthghíomhaíochtaí roimh chánachas		(82)	(118)
Cánachas	12	(38)	(32)
Easnamh coinnithe don bhliain		(120)	(150)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 - 26.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:

Peadar Ó Cuinn
Cathaoirleach

Pól Ó Gallchoir
Ardstiúrthóir

Teilifís na Gaeilge

Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Iomlána don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €'000	2008 €'000
Easnamh coinnithe don bhliain airgeadais		(120)	(150)
Gnóthachain/(caillteanas) achtúireach ar shócmhainní na scéime pinsin	20	21	(4)
Caillteanas aitheanta iomlán don bhliain		(99)	(154)
Gluaiseacht i gCúlchiste Pinsin			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		(4)	-
Gnóthachain/(caillteanas) achtúireach don bhliain		21	(4)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		17	(4)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 - 26.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:

Peadar Ó Cuinn
Cathaoirleach

Pól Ó Gallchoir
Ardstiúrthóir

Teilifís na Gaeilge
Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009		2008	
		€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní Inláimhsithe	9		8,463		8,381
			<u>8,463</u>		<u>8,381</u>
Sócmhainní Reatha					
Féichiúnaithe	13	1,369		2,095	
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	14	69		372	
		<u>1,438</u>		<u>2,467</u>	
Dlíteanais Reatha					
Creidiúnaithe - méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	15	(1,698)		(2,774)	
Glan-dlíteanais reatha			<u>(260)</u>		<u>(307)</u>
Creidiúnaithe - méideanna dlite tar éis aon bhliain amháin	16		<u>(1)</u>		<u>(7)</u>
Glan-sócmhainní gan sócmhainn pinsin san áireamh			<u>8,202</u>		<u>8,067</u>
Sócmhainn pinsin	20		<u>79</u>		<u>25</u>
Glan sócmhainní lena n-áirítear sócmhainn pinsin			<u><u>8,281</u></u>		<u><u>8,092</u></u>
Caipiteal agus Cúlchistí					
Deontais Chaipitil	10		8,202		7,914
Cúlchiste Pinsin			17		(4)
Cúlchistí ioncaim	17		<u>62</u>		<u>182</u>
			<u><u>8,281</u></u>		<u><u>8,092</u></u>

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 - 26.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:

Peadar Ó Cuinn
Cathaoirleach

Pól Ó Gallchóir
Ardstiúrthóir

Teilifís na Gaeilge

Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €'000	2008 €'000
Gníomhaíochtaí oibríochta - glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid - glan ó dheontas stáit	18	(248)	331
Aiscur ar infheistíocht agus ar sheirbhísiú airgeadais			
Ús faighte		65	85
Glan-insreabhadh airgid ó aiscur ar infheistíochtaí agus ar sheirbhísiú airgeadais		<u>65</u>	<u>85</u>
Cánachas			
Muirear cánach don bhliain	12	(38)	(32)
Glan eis-sreabhadh airgid ó chánachas		<u>(38)</u>	<u>(32)</u>
Caiteachas caipitil			
Iocíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	9	(1,282)	(671)
Fáltais ó dhíolachán sócmhainní docta		-	6
Deontais chaipitil stáit	10	<u>1,200</u>	<u>617</u>
Glan-eis-sreabhadh airgid ó chaiteachas caipitil		<u>(82)</u>	<u>(48)</u>
Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid	19	<u>(303)</u>	<u>336</u>

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 - 26.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:

Peadar Ó Cuinn
Cathaoirleach

Pól Ó Gallchoir
Ardstiúrthóir

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

1. **Príomhghníomhaíocht**

Is í príomhghníomhaíocht Theilifís na Gaeilge cainéal teilifíse Gaeilge, TG4 a fheidhmiú.

2. **Glandíolacháin****Ioncam Tráchtála**

Díolachán am craolta

Díolachán urraíochta

Díolachán clár

Muirear Amach Saoráidí

Ioncam Ilghnéitheach

Costas Díolacháin

Coimisiún ar dhíolachán fógraíochta agus urraíochta

Costais dhíreacha

Glandíolacháin

2009 €'000	2008 €'000
2,138	3,225
159	215
1	11
616	764
540	141
3,454	4,356
448	648
304	326
752	974
2,702	3,382

Tugtar na figiúirí sa nóta chun na costais agus táillí iomlána áiseanna a thaispeáint

3. **Costais Foirne**

Ba 83 duine an meán uimhir fostaithe lánaimseartha a bhí fostaithe ag Teilifís na Gaeilge le linn na bliana (2008: 86). Bhí costais fostaithe le linn na bliana comhdhéanta:

Pá agus tuarastail

Costais leasa shóisialaigh

Costais phinsin

Taisteal agus cothabháil

Oiliúint

Costais foirne eile

Costais foirne caipitlithe

Iomlán na gcostas foirne

Luach Saothair an Ardstiúrthóra

Buntuarastal

Pá de réir feidhmíochta (riaráistí)

Ranníoca pinsin an Fhostóra

Sochair eile

Suimeanna eile a Fuarthas

Táillí an Bhoird

2009 €'000	2008 €'000
4,661	4,825
481	505
508	449
104	206
32	60
29	64
5,815	6,109
(77)	-
5,738	6,109
180	189
-	3
66	63
3	3
249	258
6	-

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

4. Costais an Bhoird
(féach nóta 21)

Táillí
Taisteal agus Cothabháil

2009	2008
€'000	€'000
133	137
14	31
<u>147</u>	<u>168</u>

5. Costais chlár

Cláir a coimisiúnaíodh
Cláir a ceannaíodh
Costais dubála
Costais eile

2009	2008
€'000	€'000
17,974	18,126
4,217	4,082
2,247	2,077
839	1,416
<u>25,277</u>	<u>25,701</u>

6. Margaíocht agus Taighde

Fógraíocht agus Margaíocht
Tomhais agus taighde ar an lucht féachana

2009	2008
€'000	€'000
1,405	1,702
103	163
<u>1,508</u>	<u>1,865</u>

7. Forchostais

Speansais oifige
Speansais áitrimh agus trealaimh
Speansais ghinearálta
Speansais ghairmiúla agus airgeadais

2009	2008
€'000	€'000
222	213
468	537
400	430
248	195
<u>1,338</u>	<u>1,375</u>

8. Ús Faighte

Ús ar na cuntais taisce bainc (comhlán)

2009	2008
€'000	€'000
81	106

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

9. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Talamh agus Foirgnimh	Trealamh	Sócmhainní atá á dtógáil	Fearais agus Feistis	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas					
Amhail an 1 Eanáir 2009	7,534	12,824	-	611	20,969
Breisithe	1	194	1,087	-	1,282
Amhail an 31 Nollaig 2009	7,535	13,018	1,087	611	22,251
Dímheas Carntha					
Amhail an 1 Eanáir 2009	1,857	10,252	-	479	12,588
Muirear don bhliain	195	976	-	29	1,200
Amhail an 31 Nollaig 2009	2,052	11,228	-	508	13,788
Glanluach Leabhair					
Amhail an 31 Nollaig 2009	5,483	1,790	1,087	103	8,463
Amhail an 31 Nollaig 2008	5,677	2,572	-	132	8,381

*Caiteachas ar fhorbairt (den chuid is mó saincheapadh bogearraí agus crua-earraí agus roinnt costais foirne) a bhaineann leis an gCóras Bainistithe Sócmhainní Digiteacha.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe coinnithe faoi léas airgeadais

Áirítear sna Sócmhainní Seasta Inláimhsithe sócmhainní coinnithe faoi Léas Airgeadais mar seo a leanas:

	2009		2008	
	Glanluach Leabhair €'000	Muirear Dímheasa €'000	Glanluach Leabhair €'000	Muirear Dímheasa €'000
Trealamh	18	4	22	-

10. Deontais Chaipitil

Deontais chaipitil - faighte agus infhaighte

Iarmhéid Tosaigh
Deontais faighte le linn na bliana (Nóta 11)
Deontais a deonadh an bhliain roimhe agus a feidhmíodh sa bhliain seo

Iarmhéid deiridh

Amúchadh

Iarmhéid tosaigh
Amúchta le linn na bliana

Iarmhéid deiridh

Glanluach leabhair - deontais chaipitil

	2009 €'000	2008 €'000
Iarmhéid Tosaigh	9,848	9,231
Deontais faighte le linn na bliana (Nóta 11)	900	617
Deontais a deonadh an bhliain roimhe agus a feidhmíodh sa bhliain seo	300	-
Iarmhéid deiridh	11,048	9,848
Amúchadh		
Iarmhéid tosaigh	1,934	919
Amúchta le linn na bliana	912	1,015
Iarmhéid deiridh	2,846	1,934
Glanluach leabhair - deontais chaipitil	8,202	7,914

Is ionann deontais chaipitil agus maoiniú stáit a fuarthas i ndáil le caiteachas caipitil a thabhaigh Teilifís na Gaeilge. Amúchtair deontais chaipitil ar an mbonn céanna a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

11. Maoiniú Stáit

Is ionann deontais ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus maoiniú rialtais a fhaightear i leith caiteachais reatha a thabhaíonn Teilifís na Gaeilge.

Maoiniú Stáit curtha chun sochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain

	2009 €'000	2008 €'000
Deontais faighte sa bhliain	35,233	35,473
Deontas caipitil amúchta (Nóta 10)	912	1,015
	<u>36,145</u>	<u>36,488</u>
Ba é €36.133m an leithroinnt ar fad do 2009, comhdhéanta as:		
Deontais faighte do chaiteachas reatha	35,233	35,473
Deontais a fheidhmítear do chríocha caipitil	900	617
lomlán	<u>36,133</u>	<u>36,090</u>
Deontas faighte do chríocha caipitil neamh chaite ag deireadh na bliana 2008 tugtha ar aghaidh	-	300
lomlán Faighte	<u>36,133</u>	<u>36,390</u>

12. Cáin ar Bhrabús ó Ghnáthghníomhaíochtaí

(a) Anailís ar mhuirear cánach sa bhliain

Muirear cháin chorparáide don bhliain

	2009 €'000	2008 €'000
	<u>38</u>	<u>32</u>

(b) Fachtóirí le tionchar acu ar mhuirear cánach na bliana

Tá an ráta éifeachtach cánach don bhliain níos airde ná ráta caighdeánach cháin chorparáideach na hÉireann de 12.5%.

Tá na difríochtaí mínithe thíos:

	2009 €'000	2008 €'000
Caillteanas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	<u>(82)</u>	<u>(118)</u>
Caillteanas ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoin ráta caighdeánach cháin chorparáide na hÉireann de 12.5% (2008: 12.5%).	(10)	(15)
<u>Éifeachtaí</u>		
Ioncam incháinithe ag ráta cánach níos airde	10	13
Barrachas na ndeontas caipitil a amúchtar agus liúntais chaipitiúla thar dhímheas	33	30
Caiteachas neamhasbhainte	<u>5</u>	<u>4</u>
	<u>38</u>	<u>32</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

13. Féichiúnaithe

	2009 €'000	2008 €'000
Féichiúnaithe trádála	817	1,213
CBL inaisíoctha	317	731
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	235	151
	<u>1,369</u>	<u>2,095</u>

Meastar go bhfuil gach iarmhéid inaisghábhála laistigh de bhliain amháin.

14. Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh

	2009 €'000	2008 €'000
Airgead tirim ar láimh	1	1
Cuntais bhainc	68	371
	<u>69</u>	<u>372</u>

15. Creidiúnaithe - dlite laistigh de bhliain amháin

	2009 €'000	2008 €'000
Creidiúnaithe trádála	343	257
Fabhruithe agus ioncam iarchurtha	1,273	2,126
Creidiúnaí ranníoca pinsin	66	75
Cáin chorparáide iníoctha	10	11
Fruilcheannach agus comhaontuithe léasa	6	5
Deontas caipitil iarchurtha	-	300
	<u>1,698</u>	<u>2,774</u>

16. Creidiúnaithe - dlite tar éis aon bhliain amháin

	2009 €'000	2008 €'000
Fruilcheannach agus comhaontuithe léasa	1	7
	<u>1</u>	<u>7</u>

17. Cúlchistí loncaim

	2009 €'000	2008 €'000
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir	182	332
Easnamh coinnithe don bhliain	(120)	(150)
Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig	<u>62</u>	<u>182</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

18. Réiteach Barrachais don bhliain chuig glan-
insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2009 €'000	2008 €'000
Easnamh don bhliain	(82)	(118)
Gníomhaíochtaí neamhoibriúcháin		
Ús faighte (glan)	(65)	(85)
Barrachas ó dhíolachán sócmhainní dochta	-	(6)
Míreanna nach airgead iad		
Dí-mheas	1,200	1,284
Deontais chaipitil a amúchadh	(912)	(1,015)
Coigeartú sócmhainne pinsin	(33)	(29)
(Ardú)/laghdú i bhféichiúnaithe	726	159
(Laghdú)/ardú i gcreidiúnaithe	(1,082)	141
Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(248)	331

19. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí

	Iarmhéid Tosaigh €'000	Sreabhadh Airgid €'000	Iarmhéid Deiridh €'000
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	283	(232)	51
Taiscí gearrthéarmacha	89	(71)	18
	372	(303)	69

20. Pinsean

a) Tuairisc ar an scéim

Feidhmíonn Telifís na Gaeilge scéim shochair shainithe agus ranníocaíocht shainithe dá cuid fostaithe. Maoínítear na scéimeanna agus coinnítear sócmhainní ar leithligh ó shócmhainní Theilifís na Gaeilge.

	2009 €'000	2008 €'000
Tabhaíodh na costais phinsin seo a leanas le linn na bliana:		
Scéim ranníoca shainithe	432	369
Costas na scéime shochair shainithe (Nóta 20 (g))	76	80
	508	449

Déantar ranníocaíochta chuig an scéim shochair shainithe ag rátaí a mholann achtúirí cáilithe neamhspleácha.

An luacháil achtúireach iomlán is déanaí a hullmhaíodh amhail an 31 Nollaig 2009. Rinneadh na ríomha dliteanas agus costais trí úsáid a bhaint as sonraí ballraíochta a chuir riarthóirí na scéime ar fáil ag an dáta éifeachtach. Tá measúnú déanta ar na dliteanas agus na costais trí úsáid as an modh aonaid theilgthe.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

20. Pinsean (ar lean)

b) Bonn Tuisceana Airgeadais

Is iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha amhail an 31 Nollaig 2009 a úsáidtear chun críocha FRS 17:

	2009 %	2008 %
Ráta Lascaine	5.60%	5.60%
Méadú ar innéacsú praghsanna tomhaltais	2.50%	2.50%
Méadú ar thuillimh inphinsin	4.50%	4.50%
Méadú ar íocaíocht phinsin	4.50%	4.50%
Bannaí	4.30%	4.30%
Eile	0.75%	2.25%

c) Bonn Tuisceana Déimeagrafacha

Básmhaireacht

Ardaíodh 62% de tháblaí PNML00 d'fhir agus 70% de tháblaí PNFL00 do mhná 0.39% in aghaidh na bliana iolraithe idir 2008 agus an bhliain a dtiteann an gnáthphinsin.

d) Athrú ar dhualgas sochair

	2009 €'000	2008 €'000
Luach reatha dualgas na scéime ag tús na bliana	102	-
Costas seirbhíse reatha	95	94
Costas seirbhíse roimhe seo	-	5
Costas úis	8	3
Gnóthachan achtúireach	(25)	-
Luach reatha dualgas na scéime ag deireadh na bliana	180	102

e) Athrú ar shócmhainní scéime

Luach cóir ar shócmhainní scéime ag tús na bliana	127	-
Aischur ionchais ar shócmhainní scéime	8	3
Caillteanas achtúireach	(4)	(4)
Ranníocaíochtaí fostóra	109	109
Ranníocaíochtaí comhaltáí	19	19
Luach cóir ar shócmhainní scéime ag deireadh na bliana	259	127

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

20. Pinsean (ar lean)

f) Méideanna aitheanta sa chlár comhardaithe

Luach reatha dualgais maoinithe
Luach cóir ar shócmhainní scéime
Glan-sócmhainn

2009 €'000	2008 €'000
(180)	(102)
259	127
79	25

g) Costais phinsin

Costas seirbhíse reatha
Costas Úis
Aiscur ionchais ar shócmhainní scéime
Costas seirbhíse roimhe seo
Ranníocaíochtaí Comhaltáí

Iomlán

2009 €'000	2008 €'000
95	94
8	3
(8)	(3)
-	5
(19)	(19)
76	80

h) Ba é iomlán an ghlan-ghnóthachain achtúirigh a aithníodh sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009 agus €21,000.

i) Sócmhainní Scéime

Ba iad seo a leanas na leithroinntí sócmhainní ag deireadh na bliana:
Bannaí
Eile

Aiscur Ionchais	2009
4.3%	100%
2.25%	0%

Díoraíodh aiscur ionchais foriomlán ar shócmhainní na scéime mar mheánchostas ualaithe na n-aiscur ionchais ar na catagóirí sócmhainní arna sealbhú ag an scéim ar dháta oscailte an chláir chomhardaithe.

j) Stair dhualgais shochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachain agus caillteanais

Dualgais shochair shainithe
Luach cóir ar shócmhainní scéime
Barrachas don scéim mhaoinithe

2009 €'000	2008 €'000
(180)	(102)
259	127
79	25

k) Ranníocaíochtaí

Tá súil ag an mBord €100,000 a ranníoc lena scéim pinsin i 2010.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

21. Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a Leasanna

Tugtar thíos na Stiúrthóirí agus Rúnaí a d'fhóin i rith na bliana

Stiúrthóir/Rúnaí	Dáta a Ceapadh Le Linn na Bliana (más ann)	2009 €'000	2008 €'000
Peadar Ó Cuinn (Cathaoirleach)	n/a	23	24
Pól Ó Gallchóir (Árdstiúrthóir)	12 Iúil 2009	6	-
Pádraic Mac Donncha	n/a	13	14
Regina Uí Chollatáin	n/a	13	14
Bríd Ní Neachtain	n/a	13	14
Seosamh Ó Conghaile	n/a	13	14
Fergal Ó Sé	n/a	13	14
Méabh Mhic Gairbheith	n/a	13	14
Eilís Ní Chonnaola	n/a	13	14
Méadhbh Nic an Airchinnigh	n/a	13	14
Mary Uí Chadhain (Rúnaí)	n/a	-	-

Faoi réir na bhforálacha san Acht Craolacháin 2009, ghlac an Bord le nós imeachta maidir le nochtadh leasanna áirithe ag comhaltaí agus comhlionadh an nós imeachta seo i rith na bliana.

I gcás idirbheirt amháin, nocht comhalta Boird amháin, Seosamh Ó Conghaile, leas i gconradh a bhronn an Bord. Faoi réir nós imeachta an Bhoird, níor ghlac Seosamh Ó Conghaile aon pháirt sa bpróiseas bronnta don chonradh sin.

22. Tiomantais Chlár/Chearta Ceannacháin

Tá tiomantais chlár/chearta ceannacháin ag Teilifís na Gaeilge mar seo a leanas;

2009 €'000	2008 €'000
14,773	21,336

Conraithe ach ní raibh soláthar déanta ina leith amhail deireadh na bliana

23. Tiomantais

Tá tiomantais chaipitil ag Teilifís na Gaeilge mar seo a leanas;

2009 €'000	2008 €'000
1,566	290

Conraithe ach ní raibh soláthar déanta ina leith amhail deireadh na bliana

24. Idirbheartaíochtaí RTÉ

Fuair Teilifís na Gaeilge 365 uair (2008: 365 hours) de chlár Gaeilge saor in aisce ó RTÉ sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.

25. Airgeadra Coigríche

Is as iocaíochtaí ar chláracha ceannaithe go príomha a eascrann neamhchosaint airgeadra coigríche. Fálaíonn Teilifís na Gaeilge a neamhchosaint airgeadra coigríche trí réamh-chonarthaí don US Dollar a aontú nuair is cuí, dar leis. Luach iomlán \$750,000 a bhí orthu seo i 2009 (2008: \$2,050,000). Ní raibh aon réamhchonradh airgeadra coigríche mar seo amuigh ag deireadh na bliana.

26. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord Stiúrtha na Ráitis Airgeadais ar an 19 Aibreán 2010.